ENTERPRISE IRELAND

# Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais 2019

## Cuir leis an scála, méadaigh ar an aimsiú





ENTERPRISE IRELAND

## Chuig an Aire Gnó, Fiontraíochta agus Nuálaíochta

I gcomhréir leis an Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998, cuireann Fiontraíocht Éireann faoi iamh leis seo a thuarascáil agus a chuid cuntas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig, 2019.



**Julie Sinnamon**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



**Terence O'Rourke**
Cathaoirleach

Míle buíochas leis na comhlachtaí atá mar chliaint againn ar baineadh úsáid as a gcuid fótagraf sa tuarascáil seo:
Clúdach tosaigh, íomhá 1: Kevin Brennan, POF, Modubuild
Clúdach tosaigh, íomhá 2: Sonia Deasey, POF, Pestle & Mortar
Leathanach 4: VR Education
Leathanach 6: An Dr Lisa Creaven agus an Dr Vanessa Creaven, Comhbhunaitheoirí, Spotlight Oral Care
Leathanach 8: An Dr Steve Comby, POT agus Comhbhunaitheoir, Senoptica Technologies
Leathanach 12: Frank Smyth agus Jules Braddell, Pilot Photonics
Leathanach 13: Chris Flatley, Cuntasóir Pleanála Airgeadais agus Anailíse, Cubic Telecom
Leathanach 16: An Dr Jakki Cooney, Comhbhunaitheoir, Cala Medical agus Léachtóir Sinsearach sa Bhitheolaíocht Cheallach agus Struchtúrach, Ollscoil Luimnigh

## CÉARD A DHÉANAIMID

**Is é misean Fhiontraíocht Éireann ná feabhas mór a dhéanamh ar neart idirnáisiúnta fhiontraíocht na hÉireann ar fud gach réigiúin trí chumais nuála agus iomaíocha cuideachtaí Éireannacha a fheabhsú.**

Bainfimid ár gcuspóir amach trí cheannairí uaillmhianacha gnó a spreagadh agus a thacú chun cur le scála a ngnóthaí agus méadú ar a n-aimsiú isteach i margaí nua easpórtála.

**Táimid ag obair le cliaint trí líonra comhairleoirí margaidh agus earnála bunaithe ar:**

**10**

ionaid in Éirinn

**40**

ionaid ar fud an domhain

## MÉADAIGH GNÓ

Tacaíonn Fiontraíocht Éireann le cuideachtaí uaillmhianacha Éireannacha de gach aon mhéid chun scála níos mó a bhaint amach trí :

- Fiontraíocht a chothú agus a fhorbairt
- Leibhéil nuálaíochta a mhéadú
- Cur le forbairt ceannaireachta
- Iomaíochas a fheabhsú.

## MÉADAIGH AR AN AIMSIÚ

Tacaíonn Fiontraíocht Éireann le cliaint chun dlús a chur leis an bhfás ar an easpórtáil dhomhanda agus gníomhaíocht a dhaingniú sa Ríocht Aontaithe (RA) trí na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- Tionchar ár mbonn cliant a mhéadú ar fud an domhain
- Easpórtálacha chuig an limistéar euro a mhéadú
- Easpórtálacha chuig an RA a dhaingniú
- Deiseanna margaidh agus earnála na todhchaí a fheabhsú.

## TÁ SAINCHÚRAM SPEISIALTA AGAINN:

- Oibriú i gcomhar leis an líonra de 31 Oifig Fiontair Áitiúil trínár Lárionad Feabhais chun tacú le gnólachtaí beaga agus micreaghnólachtaí
- Infheistíocht dhíreach choigríche (IDC) sa tionscal bia a mhealladh isteach in Éirinn
- Éire a chur chun cinn thar lear mar an áit chéadroghnaithe chun staidéar thar lear don ardoideachas.

# CLÁR AN ÁBHAIR


FORBHREATHNÚ AN CHATHAOIRLIGH AGUS AN POF 1

MÉADAIGH GNÓ 4

SMAOINIGH AS AN NUA 8

MÉADAIGH AR AN AIMSIÚ 13

LEITHDHÁILEADH MAOINITHE 2019 17

RIALACHAS CORPARÁIDEACH 19

BORD FHIONTRAÍOCHT ÉIREANN 2019 21

RÁITIS AIRGEADAIS

Tuarascáil le Cur i Láthair Thithe an Oireachtais **26**

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird **28**

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach **32**

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe **34**

Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach **35**

Ráiteas faoi Staid Airgeadais **36**

Ráiteas faoi Shreafaí Airgid **37**

Beartais Cuntasaíochta **38**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais **40**

Líonra Oifigí Fhiontraíocht Éireann **62**

# FORBHREATHNÚ AN CHATHAOIRLIGH AGUS AN POF

**In 2019, baineadh curiarrachtaí nua amach maidir le heaspórtálacha agus fostaíocht i gcuideachtaí atá mar chliaint ag Fiontraíocht Éireann.**

**Cuirtear fáilte roimh an fheidhmíocht sin anois agus méadú ag teacht ar an neamhchinnteacht gheilleagrach i margaí an domhain.**

Ar an iomlán, bhí 221,895 duine fostaithe i gcuideachtaí atá mar chliaint againn, glanmhéadú de 4,706. Le linn na bliana, cruthaíodh 16,971 post i gcuideachtaí a dtacaíonn Fiontraíocht Éireann leo, agus dhá thrian díobh lonnaithe sna réigiúin.

Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil 65% den fhostaíocht i gcliaint de chuid Fhiontraíocht Éireann lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Ó thaobh earnálacha de, in earnálacha na Teicneolaíochta Glaine (9%), Eolaíochtaí na Beatha (6%), agus Theicneolaíocht an Airgeadais (6%) a cruthaíodh an céatadán is mó post in 2019.

Agus níos mó ná 55,000 post cruthaithe le trí bliana anuas ag cuideachtaí arna dtacú ag Fiontraíocht Éireann, chuamar isteach sa bhliain dheireanach dár Straitéis 2017–2020 ar an mbóthar chun 60,000 post nua a chruthú roimh dheireadh 2020. É sin ráite, tá tionchar Covid-19 i ndiaidh dhearcadh fhiontar na hÉireann i leith na todhchaí a athrú ón mbonn, agus an príomhfhócas atá againn i mbliana ná tacú le cuideachtaí ar cliaint iad chun tabhairt faoi na dúshláin a chuireann drochiarmhairtí eacnamaíochta na paindéime agus an fhéidearthacht atá ann fós maidir le Brexit gan mhargadh rompu.

Bliain láidir eile a bhí in 2019 agus na leibhéil is airde easpórtálacha á mbaint amach ag ár gcuideachtaí atá ina gcliaint.

Tháinig méadú 8% ar leibhéil 2018, a d'fhág gurb ionann iomlán na n-easpórtálacha agus €25.6 billiún (bn). Leanadh leis an bhfás láidir ar easpórtálacha don limistéar Euro agus méadú 15% ag teacht orthu le linn na bliana chun €5.6bn a bhaint amach.

Baineann 22% d'easpórtálacha na hÉireann leis an limistéar Euro, méadú ó 20% in 2018, treocht ar ábhar misnigh ar leith í i bhfianaise Brexit agus an gá do chuideachtaí Éireannacha a ngnó a éagsúlú i margaí nua.

Tháinig méadú láidir ar mhargadh Mheiriceá Thuaidh le linn na bliana freisin, agus é ag fás 16% chun líon iomlán na n-easpórtálacha go dtí an margadh sin a thabhairt go €4.7bn, nó 18%, d'easpórtálacha.

Is é an RA an margadh aonair thar lear is mó do chuideachtaí Éireannacha go fóill, agus mhéadaigh easpórtálacha 2% go €7.92bn, nó 31% d'easpórtálacha. Lean sin leis an treocht maidir le cothromaíocht níos fearr a bhaint amach inár n-easpórtálacha ar fud na réigiúin uile.

Tháinig méadú 3% ar easpórtálacha bia go nach mór €12.2bn. Ba iad earnálacha na Foirgníochta agus Theicneolaíocht an airgeadais na hearnálacha is tapúla fáis, agus méadú 19% go €2.24bn agus €0.7bn, faoi seach, ag teacht orthu.

I réimse na seirbhísí, mhéadaigh earnáil na Teicneolaíochta Digití 11%, agus bhain sí €2.41bn amach i ndíolacháin easpórtála.

D'fhás easpórtálacha Leictreonaice go láidir freisin, ag méadú 18% go €0.72bn, agus mhéadaigh an earnáil Innealtóireachta 9%, go €1.75bn.

## MÉADAIGH GNÓ

Is é misean Fhiontraíocht Éireann gnólachtaí uaillmhianacha a spreagadh agus tacú leo a ngnó a mhéadú trína gcumais nuálaíochta agus iomaíochais a athrú ó bhonn. Le linn 2019, tacaíodh le 127 cuideachta nuathionscanta trí mhaoiniú Tosaithe Ardacmhainne (HPSU) agus tríd an gCiste do Thosuithe Iomaíocha (CSF).

Aidhm an CSF ná dlús a chur le fás cuideachtaí nuathionscanta a bhfuil sé de chumas acu éirí go maith leo i margaí idirnáisiúnta. Le linn 2019, leanadh le maoiniú CSF a dhíriú go sonrach ar fhiontraithe ban nó cuideachtaí nuathionscanta faoi stiúir ban in earnálacha na déantúsaíochta agus na seirbhísí arna dtrádáil go hidirnáisiúnta.

Ba é seo an ceathrú bliain den CSF tiomanta d'Fhiontraithe Ban, agus fuair 40 cuideachta faoi stiúir ban tacaíocht faoin gclár in 2019.

Is deis nach bhfuil a sárú ann maidir le géarú ar an bhfás eacnamaíoch in Éirinn é scaoileadh le cruthaitheacht agus scileanna níos mó ban sa ghnó, agus tá spriocanna uaillmhianacha leagtha amach ag Plean Gníomhaíochta 2020 Fhiontraíocht Éireann do Mhná sa Ghnó cur le líon na rudaí seo a leanas:

- Cuideachtaí faoi stiúir ban ag trádáil go hidirnáisiúnta
- Mná a bhfuil róil mheánbhainistíochta agus ardbhainistíochta acu i gcuideachtaí Éireannacha
- Fiontraithe ban
- Cuideachtaí nuathionscanta faoi stiúir ban a bhfuil ardchumas fáis acu.

Anuas air sin, leithdháileadh €175m sa bhreis ar Fhiontraíocht Éireann dá Scéim Caipiteal Síl agus Fiontair 2019-2024 chun tacú le méadú leanúnach fhiontar Éireannach.

# FORBHREATHNÚ AN CHATHAOIRLIGH AGUS AN POF (Ar lean)

## CUMHACHTÚ NA RÉIGIÚN

Is príomhchuspóir de chuid Fhiontraíocht Éireann é forbairt chothromúil réigiúnach a spreagadh. Tá na réigiúin ag croílár ár straitéise maidir le fás eacnamaíoch na hÉireann. Ceadaíodh maoiniú suas le €45m do 26 iarratasóir ar éirigh leo ó gach réigiún sa tír dá dtionscadail chomhoibritheacha faoin gCiste um Fhorbairt Réigiúnach Fiontair (REDF) in 2019. Tá an ciste, ar togra de chuid na Roinne Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta faoi Thionscadal Éireann 2040 é, dírithe ar thacú le tionscadail um an athrú straitéiseach chun na rudaí seo a leanas a spreagadh:

- Mórthionscnaimh chomhoibritheacha a mbeidh an-tionchar acu ar an bhforbairt réigiúnach
- Tionscadail um an neartú réigiúnach arna ndearadh chun tionscnaimh nua áitiúla nó réigiúnach phobalbhunaithe a spreagadh chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí san éiceachóras fiontair
- Tionscadail bhraislithe fiontair chun tacú le braislí tionscail a bhunú agus a fhás tuilleadh sna réigiúin.

In 2019, seoladh plean Fhiontraíocht Éireann um *Chumhachtú na Réigiún* freisin. Sa phlean, leagtar amach forbairt plean náisiúnta uileghabhálaigh a bhfuil naoi bplean réigiún-sonracha ar leith de chuid Fhiontraíocht Éireann maidir le fostaíocht a fhás agus a choimeád, agus aimsiú bhunachar cliant Fhiontraíocht Éireann a mhéadú i ngach contae agus réigiúin in Éirinn, mar bhuntaca faoi.

Mar chuid den phlean, déanfar sé thionscnamh nua náisiúnta a chur i bhfeidhm a bhfuil sé mar aidhm acu na réigiún a dhéanamh seasmhach i leith na todhchaí tríd an táirgiúlacht agus an athléimneacht a fheabhsú, fiontraíocht nua a spreagadh, lárionaid uirbeacha fáis a fhorbairt, tacú le leathnú cuideachtaí atá ag fás isteach sna réigiúin agus infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh in earnáil an bhia.

Cuirfidh cur i bhfeidhm rathúil an phlean um *Chumhachtú na Réigiún* bonn faoi straitéisí náisiúnta agus cuirfidh sé fiontair réigiúnacha níos láidre ar fáil a sholáthróidh deiseanna inbhuanaithe fostaíochta agus rath áitiúil chomh maith le rannchuidiú níos mó fós a dhéanamh le fás eacnamaíoch agus tionchar idirnáisiúnta na hÉireann.

Cheadaigh an Ciste um Braislí Teicneolaíochta Réigiúnacha maoiniú de €4.6m in 2019 do 12 thionscnamh Bhraislithe arna mbainistiú ag na hInstitiúidí Teicneolaíochta (ITanna) agus ag Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Ar na tionscnaimh bhraislithe tá idir Adhmad agus Troscán in Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe–Mhaigh Eo (GMIT), tionscnamh braislithe mara sna Cealla Beaga trí Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn (LYIT) agus tionscnamh cibearshlándála lonnaithe ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT). Cuspóir na scéime ná an athléimneacht a chothú in earnáil na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBM) go réigiúnach, an táirgiúlacht méadaithe a spreagadh laistigh de chuideachtaí ar baill iad, an t-iomaíochas a mhéadú agus, thar aon ní eile, líon na n-easpórtálacha a ardú.

## UAILLMHIAN IDIRNÁISIÚNTA

Tá Fiontraíocht Éireann freagrach as tacú le heaspórtálaithe ionchasacha agus le heaspórtálaithe atá ag teacht chun cinn a ngnó a mhéadú agus a n-aimsiú a mhéadú i margaí nua. Cabhraímid le fiontraithe agus cuideachtaí uaillmhianacha trí mhaoiniú, léargas margaidh, rochtain ar ár líonra d'oifigí thar lear, agus réimse de thacaíochtaí eile a chur ar fáil dóibh chun cabhrú leo a n-uaillmhian idirnáisiúnta a bhaint amach.

Beidh an t-éagsúlú margaidh ríthábhachtach maidir le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le Covid-19 agus Brexit. Príomhghné den rath do chuideachtaí Éireannach sa tréimhse atá ag teacht a bheidh sa chumas deiseanna nua idirnáisiúnta a lorg agus leas a bhaint astu.

Le linn 2019, chabhraíomar le cuideachtaí Éireannacha 1,636 conradh nua thar lear a bhuachan á dtacú ag Fiontraíocht Éireann agus 402 láithreacht nua a bhunú i margaí thar lear. Ba phríomhghné den tacaíocht sin clár de 56 imeacht trádála faoi cheannas Airí agus na 1,283 cuairt ag ceannaitheoirí idirnáisiúnta ar Éire arna n-éascú ag Fiontraíocht Éireann.

In 2019, tháinig fás freisin ar scóip agus ar líon na misean trádála chun tacú le cliaint de chuid Fhiontraíocht Éireann a n-aimsiú a mhéadú. Ar an iomlán, reáchtáladh 207 imeacht idirnáisiúnta trádála agus baile ar fud an limistéir Euro, Mheiriceá Thuaidh, Réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, na Ríochta Aontaithe, na dTíortha Nordacha, na hEorpa Láir agus Mheiriceá Laidineach.

Chuir Fiontraíocht Éireann lena láithreacht thar lear le linn na bliana freisin agus osclaíodh oifigí nua in München, Lyons, Manchain, Cóbanhávan, Montréal, Seattle, Melbourne agus Cathair Ho Chi Minh. Fágann sin go bhfuil 40 oifig idirnáisiúnta againn.

## ULLMHÚ DO BREXIT

Bhí Brexit ina phríomhfhócas fós in 2019, agus muid ag tacú le cuideachtaí ar cliaint iad ullmhú don réimse iomlán féidearthachtaí, crua-Brexit gan mhargadh ón 31 Nollaig 2019 san áireamh.

Le linn na bliana, chuir Fiontraíocht Éireann réimse tacaíochtaí ar fáil, lenar áiríodh Clinicí Brexit, Tionscnaimh Chumais Brexitshonrach, an Tionscnamh Brexit: Act On agus Oiliúint Custam Ar Líne. Cuireadh tacaíochtaí airgeadais i bhfoirm cistí sonracha ar fáil freisin, lenar áiríodh an deontas Be Prepared, Clear Customs, Ciste Aimsithe Margaí, Tairiscint Nuálaíochta Sofhreagrúla agus Tairiscint Barr Feabhais Oibriúcháin.

Ina theannta sin, bhí idirghabháil Brexitshonrach ann do chuideachtaí a easpórtálann méid suntasach go dtí an Ríocht Aontaithe. Áiríodh leo siúd thart ar 200 Clinic Chomhairleacha Brexit duine le duine ar fud na tíre, idir comhairleoirí de chuid Fhiontraíocht Éireann agus sainchomhairleoirí seachtracha le gnólachtaí atá i mbaol ó Brexit. Bhí fócas ar leith ar Brexit le linn Sheachtain na Margaí Idirnáisiúnta de chuid Fhiontraíocht Éireann, nuair a reáchtáladh 150 cruinniú chomhairleacha Brexit le cuideachtaí ar cliaint iad.

Chabhraíomar le breis is 2,000 gnólacht tionchair Brexit ar chustaim a thuiscint agus ullmhú d'athruithe ar an bpróiseas custam iar-Brexit. Ar na tacaíochtaí sin, áiríodh an cúrsa ar líne Customs Insights, an Tacaíocht Airgeadais Clear Customs i gcomhar le Skillnet Ireland, agus sraith de sheimineáir thiomanta ghréasáin ar na tionchair éagsúla a thiocfaidh as Brexit, lenar áiríodh an tionchar ar chaipiteal oibre, an athléimneacht a thabhairt isteach mar chuid den bhonn soláthair, agus riosca airgeadra a bhainistiú.

## NUÁLAÍOCHT

Braithfidh iomaíochas idirnáisiúnta cuideachtaí Éireannacha go mór mór ar a gcumas a bheith nuálaíoch agus táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt chun freastal ar riachtanais mhargaidh a bheidh ag athrú. Léiríonn ár dtaighde go ngineann cuideachtaí a dhéanann infheistíocht i dtaighde agus nuálaíocht 67% níos mó i ndíolacháin idirnáisiúnta ná cuideachtaí nach ndéanann. An dúshlán atá roimh chuideachtaí anois ná conas nuáil go héifeachtach, agus tá áthas ar Fhiontraíocht Éireann gur thacaigh sí le cuideachtaí maidir leis an tasc sin le linn na bliana.

Chabhraíomar le cliaint bheith níos iomaíche trí thacú le 160 cead TF&N ar luach níos mó ná €50,000 an ceann. Is ábhar mór misnigh é gur fhás 13 de na HPSUnna ar tugadh tacaíocht dóibh in 2019 as tráchtálú taighde in Institiúidí Ardoideachais.

Thacaigh Fiontraíocht Éireann le 1,084 comhnuálaíocht idir tionscal agus Institiúidí Ardoideachais agus 452 tionscadal Tairsí Teicneolaíochta do thionscal freisin. Anuas air sin, fuasclaíodh 559 Dearbhán Nuálaíochta ar luach suas le €5,000 an ceann iad.

Lean cuideachtaí Éireannacha lena bhfeidhmíocht den scoth ó thaobh maoiniú iomaíoch a bhaint faoi Fhís 2020—clár taighde agus nuálaíochta an AE. Is é Fiontraíocht Éireann comhordaitheoir náisiúnta an chláir, agus mhéadaigh ceaduithe iomlán na hÉireann faoin gclár go €861m in 2019, suas ó €686.8m in 2018.

D'éirigh le sé thionscadal nuálacha déag faoin dara babhta den Chiste Nuála i gCás Teicneolaíochtaí Bunathraitheacha (DTIF) arna riar ag Fiontraíocht Éireann. Tá an DTIF ar cheann de na chéad chistí dá leithéid ar domhan agus díríonn sé ar dhul i ngleic le dúshláin náisiúnta agus idirnáisiúnta chun poist na todhchaí a chosaint. Clúdaíonn na sé thionscadal déag eolaíochtaí na beatha, feistí leighis, TFC, intleacht shaorga, blocshlabhra, déantúsaíocht agus inbhuanaitheacht chomhshaoil, agus roinnfidh siad €65m de mhaoiniú go dtí 2022.

## AG TABHAIRT FREAGRA AR PHAINDÉIM COVID-19

Bhí na chéad cháis de Covid-19 á dtuairisciú san Eoraip ag tús 2020. Ní fhacthas a leithéid de thionchar sóisialta agus eacnamaíoch riamh roimhe ar fud an domhain. D'oibrigh Fiontraíocht Éireann i ndlúthchomhar leis an Rialtas chun sraith tacaíochtaí a chur ar bun go tapa chun cabhrú le cuideachtaí freagra a thabhairt ar an ngéarchéim trína ngnólachtaí a chobhsú, dul in oiriúint do na coinníollacha nua, agus bunchlocha i leith an téarnaimh a chur i bhfeidhm.

I measc na dtacaíochtaí sin, tá an Ciste Cothaithe Fiontair €180m, an Deontas Pleanála Airgeadais Gnó Covid-19, an Dearbhán Leanúnachais Gnó Bharainnigh, agus an Scéim Miondíola ar Líne Covid-19.

Is am gan fasach é seo do ghnólachtaí ar fud na hÉireann agus tá géardhúshláin roimh cuid mhaith acu –go háirithe maidir le leachtacht, infheistíocht agus na scileanna a d'oibrigh siad go crua chun iad a earcú a choimeád. Táimid ag díriú ar thacú le cuideachtaí teacht slán as an tréimhse seo, ag tabhairt na comhairle chuí dóibh agus ag cabhrú leo an maoiniú atá de dhíth orthu chun cobhsaithe agus athshocraithe ar an mbóthar i dtreo an téarnaimh a rochtain.

Cé go n-aithnímid go bhfuil an-chuid neamhchinnteachta os ár gcomhair agus muid ag tabhairt aghaidh ar na dédhúshláin a bhaineann le tionchar Covid-19 agus Brexit, tá ár dtiomantas do thacú le fiontar Éireannach dul trí na dúshláin sin daingean fós. Tugann cur chuige solúbtha agus nuálach fhiontair na hÉireann agus iad ag dul i ngleic leis na dúshláin sin ardú croí dúinn. Táimid ag tnúth le leanúint orainn ag obair i gcomhpháirt le cuideachtaí ar fud na hÉireann chun cur lena n-uaillmhian agus a n-inbhuanaitheacht agus a bhfás amach anseo a chinntiú.





**Terence O'Rourke**
Cathaoirleach

**Julie Sinnamon**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# MÉADAIGH GNÓ

## Tosuithe Ardacmhainne (HPSUnna)

**In 2019, cheadaíomar 91 infheistíocht i dTosuithe Ardacmhainne (HPSUnna) agus 36 infheistíocht faoin gCiste do Thosuithe Iomaíocha (CSF). D'infheistigh Fiontraíocht Éireann €24m chun cabhrú leis na cuideachtaí sin, a bhfuil 42% díobh lonnaithe taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, a n-uaillmhianta um an bhfás idirnáisiúnta a bhaint amach.**

**I measc na gcuideachtaí nuathionscanta in 2019:**

- Ceadaíodh infheistíocht do **40 cuideachta nuathionscanta faoi stiúir ban**.
- Rinneadh **13 HPSU** a thráchtálú i gcomhpháirt lenár n-institiúidí taighde tríú leibhéal.
- Fuair **16 HPSU eile** maoiniú leantach infheistíochta de réir mar a d'fhás a ngnó.



# MAOINIÚ AGUS INFHEISTÍOCHT

**Cinntiú go mbíonn dóthain rochtana ar mhaoiniú ag cliaint chun cur lena scála**

- Thugamar faomhadh do mhaoiniú díreach cothromais agus deontais i gcomhair fairsingithe, nuála, oiliúna, fostaíochta agus tógála cumais a bhí mar thaca ag breis is **6,000 tiomantas nua do jabanna in 2019**.

- Tá breis is €300m infheistithe go nuige seo i gcuideachtaí seanbhunaithe meánmhéide Éireannacha ag cistí arna dtacú ag Fiontraíocht Éireann tríd an Scéim Forbartha Caipiteal.

**Trínár bhfoireann Seirbhísí Infheistíochta**

Le linn 2019, reáchtáladh an chéad ghlao ar léirithe spéise faoin Scéim Caipiteal Síl agus Fiontair (2019–2024), agus tá gealltanas tugtha ag Fiontraíocht Éireann do thrí chiste go nuige seo. Is ionann méid iomlán comhcheangailte an chiste agus breis is €250m.

Gheall Fiontraíocht Éireann €16m le Ciste Teicneolaíochta Cliste na hÉireann, ar ciste nua céime luaithe é a infheisteoidh go príomha i gcuideachtaí bogearraí agus feistí leighis ar fud na hÉireann; €15m le Atlantic Bridge IV, ar ciste cothromais fáis é a infheistíonn in earnálacha teicneolaíochta bunathraitheacha; agus €10m le Ciste 1 de chuid MiddleGame Ventures, ar ciste theicneolaíocht an airgeadais céime luaithe é a dhíreoidh go gníomhach ar chomhlachtaí Éireannacha nuathionscanta.

In 2019, seoladh ciste nuabhunaithe faoin Scéim Caipiteal Síl agus Fiontair (2013–2018), rud a chuir maoiniú breise de €20m ar fáil i gcomhair infheistíochta i gcuideachtaí Éireannacha. Maoineoidh Ciste Eorpach Yield Lab cuideachtaí theicneolaíocht na talmhaíochta céime luaithe a bhfuil an poitéinseal acu fás go hidirnáisiúnta.

Lena chois sin, infheistíodh breis is €12.1m i 44 conradh i gcuideachtaí nuathionscanta agus céime luaithe in Éirinn, CroíValve, Flexiwage agus Buymie san áireamh, trí ghníomhaíochtaí Halo Business Angel Network (HBAN).

**91**

HPSUnna a faomhadh le haghaidh infheistíochta

**42%**

as lasmuigh de Bhaile Átha Cliath

**40**

HPSU tacaithe ag fiontraithe ban

**13**

HPSU nua ón taighde tríú leibhéal

# TACAÍOCHT D’EARNÁIL AN CHAIPITIL FHIONTAIR IN ÉIRINN

**D'fhonn a chinntiú go mbíonn rochtain ar chaipiteal riosca ag cliaint trí Fhiontraíocht Éireann, tá Rialtais tar éis infheistiú san earnáil caipitil fiontair Éireannach thar 20 bliain anuas.**

- Faoi na Scéimeanna Caipiteal Síl agus Fiontair go dtí seo, thugamar tacaíocht do **58 ciste**, as ar tháinig gealltanas le cistí arb ionann méid iomlán comhcheangailte na gcistí agus **€2.4bn.**
- In 2019, d'infheistigh Fiontraíocht Éireann **€46.7m** i gcistí cothromais phríobháidigh.

# INFHEISTÍOCHTAÍ COTHROMAIS DHÍRIGH ARNA SEALBHÚ LE HAGHAIDH FIONTRAÍOCHT ÉIREANN

Déanann Fiontraíocht Éireann infheistíocht i ngnóthais chun críocha fiontraíocht a fhorbairt agus poist a chruthú, agus is minic go ndéantar infheistíocht ag céim an-luath nuair is airde an phróifíl riosca.

Nuair a dhéanann muid infheistíocht dhíreach i gcuideachtaí nua agus cuideachtaí forbartha, is é ár straitéis ná bun cothromais a thógáil mar mhalairt ar mhaoiniú.

- In 2019, rinneamar **226 infheistíocht nua i 197 cuideachta, dar luach €26.14m ar fad**. Mheaitseáil infheisteoirí intíre agus idirnáisiúnta na hinfheistíochtaí sin.
- Ag deireadh 2019, **bhí 2,965 infheistíocht cothromais i 1,465 cuideachta ar cliaint iad i bPunann Cothromais Dhírigh Fhiontraíocht Éireann.**





# RÉIGIÚIN AGUS FIONTRAÍOCHT

In 2019, leanamar le clár oibre réigiúnach Fhiontraíocht Éireann a stiúradh le seoladh an phlean um Chumhachtú na Réigiún. Is é an plean seo freagra Fhiontraíocht Éireann ar straitéisí an Rialtais a dhíríonn ar fhorbairt réigiúnach gheilleagrach, Tionscadal Éireann, Creat Future Jobs Ireland agus na Pleananna Réigiúnacha Fiontair san áireamh. Faoin bplean, tógfaidh Fiontraíocht Éireann réigiúin scála trína hinfheistíocht a uasmhéadú sa Chiste um Fhorbairt Réigiúnach Fiontair (REDF). Tugann an plean an spreagadh d'Fhiontraíocht Éireann tionscadail réigiúnacha a chur chun cinn a dhéanfaidh ár réigiúin seasmhach i leith na todhchaí, a choimeádfaidh scileanna agus tallann agus a chothóidh táirgiúlacht agus athléimneacht inár mbunachar cliant ar fud na hÉireann.

Seoladh Glao 3 den Chiste um Fhorbairt Réigiúnach Fiontair in 2019 agus chuir an Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta cistiú suas le **€45m** ar fáil.

Tacaíonn an REDF leis na Pleananna Réigiúnacha Fiontair agus leis an bPlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus tá sé dírithe ar dhlús a chur leis an téarnamh geilleagrach trí láidreachtaí áitiúil agus réigiúnach fiontair. D'éirigh le 26 iarrthóir, agus iad ag déanamh ionadaíochta ar gach réigiún den tír, suas le €45m a fháil dá gcuid tionscadal sa ghlao iomaíoch.

Cheadaigh an Ciste um Braislí Teicneolaíochta Réigiúnacha maoiniú de €4.6m in 2019 do 12 thionscnamh Bhraislithe arna mbainistiú ag na hInstitiúidí Teicneolaíochta (ITanna) agus ag Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Ar na tionscnaimh bhraislithe tá idir Adhmad agus Troscán in Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe–Mhaigh Eo, tionscnamh braislithe mara sna Cealla Beaga trí Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn agus tionscnamh cibearshlándála lonnaithe ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Cuspóir na scéime ná an athléimneacht a chothú in earnáil na FBManna go réigiúnach, an táirgiúlacht méadaithe a spreagadh laistigh de chuideachtaí ar baill iad, an t-iomaíochas a mhéadú agus, thar aon ní eile, líon na n-easpórtálacha a ardú.

Tugann Clár Foinsithe Domhanda, tionscnamh comhghníomhaireachta idir Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann, slabhra soláthair céadscotha na hÉireann chuig infheistíocht dhíreach choigríche in Éirinn. Tacaíonn an clár sin leis an gclár oibre um fhorbairt réigiúnach maidir le teagmháil breisluacha a chothú idir cuideachtaí de chuid GFT Éireann agus cuideachtaí de chuid Fhiontraíocht Éireann. D'éascaigh an Misean Trádála 2019 in Éirinn, a tionóladh i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh, líonrú agus sceidealaigh sé cruinnithe idir 75 cuideachta ilnáisiúnach agus 188 cliaint de chuid Fhiontraíocht Éireann, agus tionóladh níos mó ná 800 cruinniú. Sainaithníodh conarthaí dar luach breis is **€6.8m** iad do chuideachtaí ar chliaint de chuid Fhiontraíocht Éireann iad i gcaitheamh 2019.

# OIFIGÍ FIONTAIR ÁITIÚLA: AG FÍORÚ NA FÍSE


Trínár Lárionad Barr Feabhais, agus i gcomhpháirtíocht leis na húdaráis áitiúla, thacaíomar leis na hOifigí Fiontair Áitiúil (OFÁnna) mar an 'ionad céadfhreastail' i gcomhair sainchomhairle, faisnéis agus tacaíochtaí praiticiúla, d'fhonn cabhrú leo príomhfhigiúirí feidhmíochta a sheachadadh in 2019. Mar thoradh air sin:

- chruthaigh **7,400** cuideachta ar cliaint iad **3,149** post (glan).
- faomhadh **€20,077,189** de chúnamh díreach airgeadais do **1,341** tionscadal gnó.
- ghlac **37,306** duine páirt i **2,411** clár oiliúna arna reáchtáil ag OFÁnna.
- rinneadh **10,756** sannachán meantóireachta trí OFÁnna.
- Thacaigh Lean for Micro le **278** cuideachta.
- Chuaigh **162** cuideachta ar aghaidh ó OFÁnna go punann Fhiontraíocht Éireann.
- Faomhadh **1,218** cuideachta do Dhearbháin don Trádáil ar Líne.
- Faomhadh **327** iarratas i gcomhair iasachtaí Microfinance Ireland.
- Faomhadh **506** cliant i gcomhar an deontais Cúnaimh Airgeadais do Mhioneaspórtálaithe.
- Faomhadh **200** Dearbhán Dúshláin Táirgiúlachta dar luach **€500,000**.

# SMAOINIGH AS AN NUA

## AG TACÚ DÚINN LEIS AN NUÁIL FAOI STIÚRADH AN MHARGAIDH:

- Thugamar faomhadh do 160 infheistíocht Taighde, Forbartha agus Nuála de bhreis is €50k i gcomhair cuideachtaí ar cliaint iad.
- Spreagamar 1,020 cuideachta ar cliaint iad chun gabháil le tionscadail taighde agus forbartha (T&F) ar bhain caiteachas bliantúil de bhreis is €100k leo.
- Spreagamar barrleibhéal de 187 cliant chun gabháil le tionscadail T&F ar bhain infheistíocht de bhreis is €1m in aghaidh na bliana leo.



**1,084**

tionscadail chomhoibritheach idir cuideachtaí agus taighdeoirí ardoideachas, a raibh ina measc

**559**

Dearbhán Nuálaíochta. Glacann an clár le hiarratais am ar bith le linn na bliana.

**73**

Faomhadh Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta idir cuideachtaí agus taighdeoirí lonnaithe in Éirinn.

**452**

tugadh tionscadail chun críche le Tairseacha Teicneolaíochta ag institiúidí teicneolaíochta in Éirinn. Bhí 2019 ina sárbhliain do chuideachtaí a bhí ag gabháil le Tairseacha Teicneolaíochta, mar go raibh 640 cuideachta éagsúil ag obair ar bhreis is 880 tionscadal.

## FORBAIRT STRAITÉIS NUÁLAÍOCHTA FHIONTRAÍOCHTA ÉIREANN

Agus luas an athraithe ag géarú i rith an ama agus an baol de mhíshocracht sa mhargadh idirnáisiúnta ag méadú, is soiléir anois nach mór d'fhiontair a gcur chuige i leith na nuálaíochta a chur in oiriúint le fanacht iomaíoch. Ba iad na dúshláin phráinneacha nuálaíochta sin na nithe ar thug Fiontraíocht Éireann tús áite dóibh nuair a thugamar forbairt straitéise nua nuálaíochta do 2020–2024 chun críche in 2019.

Baineann an straitéis leas as tacaíochtaí agus gníomhaíochtaí uile Fhiontraíocht Éireann atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, agus cuireann sí chun cinn iad, chun go mbeidh na cumais agus an tacaíocht riachtanach ag cliaint nuáil go héifeachtach agus go sofhreagrúil chun fás leanúnach inbhuanaithe a bhaint amach.

## FEIDHMÍOCHT T&F IONCHUIDEACHTA

Thacaigh an Ciste Nuálaíochta Sofhreagrúil le gníomhaíocht T&F i gcliaint de gach aon mhéid de chuid Fhiontraíocht Éireann agus OFÁ in 2019, agus faomhadh 93 iarratas as na 104 iarratas a fuarthas. De bhreis air sin, faomhadh 74 iarratas ar mhaoiniú T&F ionchuideachta do chliaint de chuid Fhiontraíocht Éireann. Cuireadh an ghníomhaíocht T&F chun cinn ag 21 imeacht ar leith, naoi n-imeacht a dhírigh ar réigiún ar leith san áireamh, maidir le tacaíochtaí Nuálaíochta Sofhreagrúla agus cuireadh chun cinn í freisin trí chomhpháirtíochtaí le heagraíochtaí eile amhail IRDG

Rinneadh an Straitéis Náisiúnta Spáis don Fhiontar 2019-2025, arna comhfhorbairt ag Fiontraíocht Éireann agus an Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta (RGFN), a chur i gcrích agus a ghlacadh mar straitéis de chuid an Rialtais i Meitheamh 2019. Comhaontaíodh conarthaí de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí Spáis le cuideachtaí lonnaithe in Éirinn dar luach €15.7m in 2019, agus comhaontaíodh €14.4m de sin le cuideachtaí Éireannacha.

Bunaíodh deontas Maoine Intleachtúil (IP) freisin chun fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a spreagadh straitéis IP a fhorbairt.

## TAIRSEACHA TEICNEOLAÍOCHTA

Tá na tairseacha tionscaldhírithe seo maidir le cumais Institiúidí Teicneolaíochta ag dul ó neart go neart fós, agus tacaíodh leis an méid is mó tionscadail tionscail riamh in 2019.

In 2019 freisin, sheol Fiontraíocht Éireann ciste um Threalamh Caipitiúil do Thairseacha Teicneolaíochta a chuirfidh ar a gcumas rochtain ar threalamh agus bonneagar criticiúil ceannródaíoch a chur ar fáil do thionscal chun cabhrú le cuideachtaí an athléimneacht a chothú agus fanacht iomaíoch go hidirnáisiúnta i láthair dúshláin tionscail. Bronnadh €6m ar 43 iarratasóir ar éirigh leo ó Institiúidí Teicneolaíochta (IT) in Éirinn agus OT Bhaile Átha Cliath.

## LÁRIONAID TEICNEOLAÍOCHTA

Cuireann clár na Lárionad Teicneolaíochta ar chumas cuideachtaí atá lonnaithe in Éirinn agus ilnáisiúntaigh Infheistíochta Dhíreach Choigríche oibriú lena chéile ar thionscadail straitéiseacha T&F atá dírithe ar an margadh i gcomhar le hinstitiúidí taighde. Cuireann na lárionaid éiceachóras uathúil ar fáil maidir le comhar i réimsí a aithníonn tionscal mar réimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo. Ó thaobh rannpháirtíocht tionscail de, bhí baint ag 593 cuideachta le clár na Lárionad Teicneolaíochta ag deireadh 2019. Anuas air sin, d'fhaomh Bord Fhiontraíocht Éireann céim nua de mhaoiniú méadaithe do Lárionad Teicneolaíochta Irish Manufacturing Research (IMR). Méadóidh infheistíocht Fhiontraíocht Éireann de €23.5m IMR agus soláthróidh sí Lárionad Taighde Déantúsaíochta €65.7m (thar cúig bliana) a rachaidh i ngleic le dúshláin roimh dhéantúsaíochta in Éirinn nach bhfacthas ó tugadh isteach meicniú nó leictriú.

## CISTE NUÁLA I GCÁS TEICNEOLAÍOCHTAÍ BUNATHRAITHEACHA

Lean Fiontraíocht Éireann leis an gCiste Nuála i gCás Teicneolaíochtaí Bunathraitheacha (DTIF), a chomhcheanglaíonn an tallann ó FBManna, cuideachtaí móra agus córas taighde na hÉireann chun leas a bhaint as na deiseanna a eascraíonn as forbairt agus cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí bunathraitheacha, d'fhonn díriú ar dhul i ngleic le dúshláin náisiúnta agus idirnáisiúnta, a sheachadadh. In 2019, bhainistigh Fiontraíocht Éireann an punann €75m ina raibh 100 eagraíocht a faomhadh in 2018. Cuireadh an dara glao den DTIF i gcrích in 2019 freisin, agus faomhadh sé thionscadal déag sa bhreis, lena mbaineann 59 eagraíocht, i bpunann 65m.

## PRÓTACAL IP

Is creat é an Prótacal Náisiúnta IP atá ceaptha bealach seasmhach simplithe a chur ar fáil do thionscal maidir le tabhairt faoi thaighde le heagraíochtaí déanta taighde (RPOanna) Stáit. Rinneadh an prótacal a bheachtú tuilleadh in 2019, arna dhéanamh ag Knowledge Transfer Ireland agus arna fhoilsiú ag RGFN, chun go mbeidh sé níos éasca fós do chuideachtaí agus acadóirí dul i mbun comhair agus go mbeidh níos mó soiléireachta acu maidir le hidirbheartaíocht a dhéanamh ar chonarthaí. Tá sé d'aidhm ag an bprótacal nua freisin go mbeidh sé níos éasca ‘mac-chuideachtaí’ a bhunú ó thaighde arna mhaoiniú go poiblí.

# TÁ FIONTRAÍOCHT ÉIREANN I GCEANNAS AR GHAFACHT RATHÚIL NA HÉIREANN LE FÍS 2020, CLÁR AN AE DON TAIGHDE, FORBAIRT AGUS NUÁIL

In 2019, lean Fiontraíocht Éireann leis an teagmháil le Fís 2020, Creat Taighde agus Nuálaíochta an AE, a chomhordú agus a threorú. Faoi dheireadh bhliain leathdheireanach seo an chláir, tá €861m* i maoiniú bronnta ar thaighdeoirí agus nuálaithe Éireannacha, agus d'éirigh le 15.3% d'iarratais. Is ionann an rath sin agus 1.94% den mhaoiniú iomlán a bronnadh in aghaidh ranníocaíocht bhuiséid na hÉireann de 1.2%.

Bronnadh níos mó ná 55% den mhaoiniú ar institiúidí Ardoideachais, agus fuair cuideachtaí príobháideacha nach mór 30%. Tá ardú 9% ón gcreat roimhe seo tagtha ar an ranníocaíocht sin ó chuideachtaí príobháideacha agus léiríonn sé tuilleadh rannpháirtíochta ag cuideachtaí príobháideacha.

Comhordaíonn Fiontraíocht Éireann rannpháirtíocht thionsclaíoch Éireann i gclár na Gníomhaireachta Eorpaí Spáis (GES). Ar na príomhfhorbairtí in 2019 bhí méadú suntasach ar an ngafacht thionsclaíoch. Chomhaontaigh 32 cuideachta in Éirinn conarthaí GES dar luach €15.7m.


*Conarthaí a síníodh sa tréimhse idir 1 Eanáir 2014 agus 29 Samhain 2019 san áireamh. Agus an figiúr sin ag teacht ó bhunachar sonraí ECORDA an Choimisiúin Eorpaigh, d'fhéadfadh go dtiocfadh athrú air mar thoradh ar nuashonruithe fíor-ama.

## AG UASMHÉADÚ THRÁCHTÁLÚ AN TAIGHDE ARNA MHAOINIÚ GO POIBLÍ DÚINN:

- **Thacaíomar le teacht chun cinn 28 mac-chuideachta nua as Eagraíochtaí Déanta Taighde agus 13 Tosú Ardacmhainne ó thaighde.**
- **Thacaíomar le haistriú 163 teicneolaíocht a bhí luachmhar ó thaobh na trádála de go cuideachtaí in Éirinn.**

## AG CUR DLÚIS LEIS AN IOMAÍOCHAS DÚINN:

- **D'fhaomhamar maoiniú do 151 cuideachta chun táirgiúlacht, brabúsacht agus dea-chleachtas comhshaoil a fheabhsú lenár gcuid tacaí gnó um Barainneacht, Glaise agus Iomaíochas. Áirítear leis sin faomhadh Thionscadail LeanStart, LeanPlus, LeanTransform, GreenStart, GreenPlus agus faomhadh Tionscadal Infheistíochta Caipitiúla.**
- **Leanamar orainn le cleachtais Bharainneachta ghnó a chur chun cinn do thionscal na hÉireann mar chuid de Lean Business Ireland agus na Líonraí Réigiúnacha Lean. Seoladh an seachtú líonra réigiúnach Lean (Baile Átha Cliath) i nDeireadh Fómhair 2019. Tá cleachtais bharainneachta ghnó ríthábhachtach chun iomaíochas a chothú i dtionscal Éireannach trí chultúr an fheabhsaithe leanúnaigh a neadú inár gcuideachtaí. Léirítear le cás-staidéir atá foilsithe go bhfuil buntáistí suntasacha le baint as dea-chleachtais sa réimse a chur chun cinn agus a roinnt agus as tacú le hoiliúint a chur ar dhaoine agus infheistiú iontu.**



# AN RANNÁN FORBARTHA BAINISTÍOCHTA CLIANT

In 2019, sheachadadh rannán Forbartha Bainistíochta Cliant (FBC) Fhiontraíocht Éireann 20 clár agus tacaíocht saincheaptha, arna gceapadh chun uaillmhian a chothú agus cumas ceannaireachta a fhorbairt. Áiríodh leo idir cláir straitéiseacha a chruthaigh athrú ó bhonn agus cláir sholúbtha a thug aghaidh ar shaincheisteanna gnó ar bhonn gearrthéarmach.

Thugamar na teicnící agus na huirlisí do 416 bainisteoir shinsearacha a ngnó a mhéadú trí chláir bliana amhail Leadership 4 Growth, Enter the Eurozone agus, do chuideachtaí nuathionscanta, ár bhFóram Bunaitheoir HPSUnna.

Tacaíodh le 635 bainisteoir shinsearacha eile trínár gcláir sholúbtha mhodúlacha, cláir a thugann aghaidh ar na príomhdhúshláin a bhíonn roimh chuideachtaí ar fud na bpríomhcholún gnó. Áirítear le ceardlanna tallann a mhealladh agus a choimeád, pleanáil ghnó, tairiscint luacha custaiméirí, bainistíocht an na píblíne díolacháin, réidh d'infheisteoirí, modh mear d'ioncam, agus cláir HPSU SPRINT.

D'éirigh lenár gclár líonra meantóirí 437 cuideachta nua céime luaithe agus cuideachtaí seanbhunaithe a mheaitseáil le meantóir in 2019.

Rochtain breis is 3,500 duine eiLearn, ardán foghlama digití Fhiontraíocht Éireann atá ceaptha cabhrú le custaiméirí le dúshláin thábhachtacha a d'fhéadfadh a bheith rompu agus a ngnó á mhéadú go hidirnáisiúnta.

# MÉADAIGH AR AN AIMSIÚ

## AG TACÚ LE HIDIRNÁISIÚNÚ CUIDEACHTAÍ ÉIREANNACHA

- **Díolacháin bhuaice onnmhairí de €25.6bn**
- **1,636 conradh nua bainte amach** thar lear le cúnamh ó Fhiontraíocht Éireann*
- Bhunaigh **402 cuideachta láithreacht nua thar lear**
- **€5.65bn d'easpórtálacha chuig réigiún limistéar an Euro** (an dara margadh is mó d'easpórtálaithe Éireannacha)
- **56** misean trádála thar lear **faoi cheannas Airí** agus imeachtaí eolais
- **Cur in aithne cliant-ceannaitheoirí 11,404 uair**
- **Tugadh 1,283 ceannaitheoir idirnáisiúnta go hÉirinn**, trí imeachtaí amhail taispeántas ceardaíochta agus earraí tomhaltóra Showcase Ireland
- **Cuireadh 281 cliant ar an eolas faoi dheiseanna soláthair** le cuideachtaí ilnáisiúnta trínár gClár Foinsithe Domhanda (anuas ar chuir in aithne ag Misin Trádála)

*1,554 i gcomhréir le Ráiteas Dheireadh na Bliana arna ullmhú i lár Nollaig 2019. Ba é figiúr Tuairiscithe an Bhoird go dtí an 31 Nollaig 2019 ná 1,636.



# IDC ÓN TIONSCAL BIA A MHEALLADH GO HÉIRINN

Is príomhchuspóir do Rannán Bia Fhiontraíocht Éireann é píblíne d'ionchais IDC ainm nua a fhorbairt a chuirfidh le tionscal bia agus deochanna na hÉireann, agus oibriú leis na cuideachtaí sin chun infheistíochtaí nua a aimsiú d'Éirinn.

In 2019, bhí nach mór 9,000 duine fostaithe ar fud na hÉireann ag na cliaint bia IDC lena n-oibrímid.

Leanaimid ag cur leis an bhfoinse thábhachtach fostaíochta sin, ag oibriú ar fud an domhain chun aird a tharraingt ar bhuntáistí na hÉireann do chuideachtaí bia agus deochanna, lena n-áirítear árgcumas amhábhair inbhuanaithe, ardchaighdeáin a tháirgeadh, in éineacht lenár gcóras ceangailte taighde agus ár lucht saothair an-chumasach.

# OIDEACHAS IN ÉIRINN


Tháinig méadú 15% ar ghnólachtaí idirnáisiúnta Institiúidí Ardoideachais (HEI) in 2019, go €0.57bn, a d'fhág gurb í an bhliain is láidre riamh í agus tá tuilleadh fáis fós á thuar do 2020.

Bhí fás láidir i gcroímhargaí SAM, Cheanada, an Mheánoirthir, an India agus na Síne. Rinneadh dul chun cinn suntasach freisin i margaí faoi fhorbairt Mheiriceá Laidinigh (LATAM) agus na hAfraice Thoir agus Thiar agus i gceantair de chuid Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN).

Is príomhghnéithe den Straitéis Idirnáisiúnta Oideachais d'Éirinn 2016-2020 iad dul i bhfód níos doimhne ar chroímhargaí agus an t-éagsúlú margaidh agus thacaigh infheistíocht HEI i ndaoine ar an talamh in éineacht le comhpháirtíochtaí institiúide agus infheistíocht mhéadaithe sa réimse dhigiteach leo siúd.

Athróidh paindéim Covid-19 gach rud in 2020.

# EASPÓRTÁLACHA CLIANT 2019 DE RÉIR CRÍCHE



# EASPÓRTÁLACHA CLIANT DE RÉIR EARNÁLA

Teicneolaíochtaí Digiteacha

**€2.41bn** +11%

Leictreonaic

**€0.72bn** +18%

An Tógáil

**€2.24bn** +19%

Teic an airgeadais

**€0.70bn** +19%

Innealtóireacht

**€1.75bn** +9%

Bia

**€12.17bn** +3%



# LEITHDHÁILEADH CISTÍ AG FIONTRAÍOCHT ÉIREANN IN 2019




**€269m**
Maoiniú um fhorbairt na fiontraíochta

**€48m**
Cistí a riartar thar ceann tríú páirtithe

**€85m**
Líonra seirbhísí cliant agus seirbhísí corparáideacha

**€1m**
Eisíocaíochtaí le gníomhaireachtaí eile stáit





## MAOINIÚ UM FHORBAIRT NA FIONTRAÍOCHTA

| | |
|---|---|
| **1.** Forbairt Cumais | **€40m** |
| **2.** Forbairt Acmhainne | **€42m** |
| **3.** Cistí Caipiteal Cothromais agus Fiontair | **€73m** |
| **4.** Teicneolaíocht agus Bonneagar Eolaíochta | **€114m** |
| **Iomlán** | **€269m** |




## LÍONRA SEIRBHÍSÍ CLIANT AGUS SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

| | |
|---|---|
| **1.** Líonra Seirbhísí Cliant | **€33m** |
| **2.** Líonra Oifigí Thar Lear | **€25m** |
| **3.** Líonra Oifigí Réigiúnacha | **€6m** |
| **4.** Tacaíocht don Eolaíocht agus Nuálaíocht | **€9m** |
| **5.** Tacaíocht do Sheirbhísí Corparáideacha | **€12m** |
| **Iomlán** | **€85m** |





## CISTÍ A RIARTAR THAR CEANN GNÍOMHAIREACHTAÍ TRÍÚ PÁIRTÍ

| | |
|---|---|
| **1.** Ionaid Nuálaíocht Ghnó | **€2m** |
| **2.** Comhairle Deartha agus Ceardaíochta na hÉireann | **€3m** |
| **3.** Oifigí Fiontair Áitiúil | **€43m** |
| **Iomlán** | **€48m** |

## MIONDEALÚ AR CHISTIÚ CHUIG CUIDEACHTAÍ AR CLIAINT IAD DE RÉIR RÉIGIÚIN

chuaigh **74%** den chistiú chuig réigiúin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath





***Nóta:** Tá san áireamh san iomlán seo cliaint ó láithreacha thar lear a fuair cistiú de €0.65m agus cliaint ó Thuaisceart Éireann a fuair €0.1m.*

***Áirítear leis:** Deontais chun cumas tionsclaíochta a chistiú, chun taighde, forbairt agus nuáil a chistiú, agus tacaíocht ón gCiste Mairteola agus Caoireola.*

***Fágtar amach:** Íocaíochtaí le hionaid gorlainne campais, íocaíochtaí ón gCiste Síl agus Fiontair, an Ciste um Fhorbairt Réigiúnach Fiontair, an Tionscnamh Fiontair Pobail agus Ionaid Fiontair Pobail.*

## COSTAS IN AGHAIDH AN JAB

**Déantar an costas in aghaidh an phoist a ríomh tríd an gcaiteachas gníomhaireachta go léir ar gach comhlachas sa tréimhse a thógáil san áireamh. Ní dhéantar ach poist arna gcruthú agus arna gcoimeád ag deireadh gach tréimhse seacht-mbliana a chur san áireamh sna ríomhaireachtaí.**




*Foinse: Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta: Ríomhanna an Chostais in aghaidh an jab*


## FÁS AR FHOSTAÍOCHT IN AGHAIDH AN RÉIGIÚIN 2019

**221,895** fostaithe ag cuideachtaí tacaithe ag Fiontraíocht Éireann

**16,971** iomlán jabanna nua

**4,706** líon glan na jabanna a cruthaíodh

**65%** fostaíocht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath




*Foinse: An Suirbhé Fostaíochta Bliantúil tugtha ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.*

# RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Is cuideachta chorparáideach é Fiontraíocht Éireann arna bhunú ag an Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998. Mar chomhlacht reachtúil, tá pearsantacht dlíthiúil leithleach agus comharbas buan aige. Is iad comhaltaí Bhord Fhiontraíocht Éireann comhaltaí na gníomhaireachta.

Feidhmíonn an ghníomhaireacht de réir fhorálacha na nAchtanna um Fhorbairt Tionscail, 1986–2019 agus faoi choimirce an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, a bhfuil sé de chumhacht aige cistiú a chur ar fáil don ghníomhaireacht chun gur féidir léi a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh; treoracha polasaí ginearálta a eisiúint; agus eolas a lorg ar ghníomhaíochtaí na gníomhaireachta.

I dteannta a cuid reachtaíocht cheannais féin, caithfidh an ghníomhaireacht cloí le réimse eile riachtanas reachtúil (náisiúnta agus de chuid an Aontais Eorpaigh (AE)) agus riachtanais riaracháin. Caithfidh sí nósanna imeachta a chur i bhfeidhm, ach go háirithe, chun comhlíonadh na riachtanas sonrach seo a leanas a chinntiú:

## Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016

Tá an Bord tar éis an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 a ghlacadh chuige féin agus tá nósanna imeachta agus athbhreithnithe curtha i bhfeidhm aige chun comhlíontacht a fhorálacha a chinntiú.

Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird, i dtuarascáil ar leith a chuirtear ar fáil gach bliain don Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, gur comhlíonadh riachtanais aonair an Chóid.

Tá Fiontraíocht Éireann deimhnithe chuig Cód Cleachtais SWiFT 3000:2010 i gcomhair Measúnaithe an Rialaithe Chorparáidigh in Éirinn.

## Treoirlínte maidir le measúnú agus bainistiú tograí caiteachais chaipitiúil

Tá nósanna imeachta seanbhunaithe, láidre ag Fiontraíocht Éireann le haghaidh measúnú agus bainistiú tionscadal caiteachais chaipitiúil a eascraíonn as a cláir dheontas caipitiúil. Cloíonn na nósanna imeachta seo leis na prionsabail atá leagtha amach sna treoirlínte.

## An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Síníodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise ina dhlí in 2014. Leis an Acht seo, tugtar ceart dlíthiúil do dhaoine aonair rochtain a fháil ar eolas atá i seilbh comhlachtaí poiblí sa mhéid is féidir é, agus chomh fada is atá sé i gcomhréir leis an leas poiblí agus an ceart chun príobháideachais. Tá tuilleadh faisnéise faoi chur i bhfeidhm an Achta um Shaoráil Faisnéise ag Fiontraíocht Éireann le fáil ar ár suíomh gréasáin ag www.enterprise-ireland.com.

Tá Scéim Foilseacháin ar an suíomh sin freisin a chuireann faisnéis ghinearálta a iarrtar go minic faoi Fhiontraíocht Éireann ar fáil i gcomhréir le hoibleagáidí na heagraíochta faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014.

## An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, tá nósanna imeachta curtha ar bun ag Fiontraíocht Éireann chun forálacha an Achta a chomhlíonadh agus tá ráiteas sábháilteachta ullmhaithe aici a chuimsíonn gach gné a théann i gcion ar leas na foirne agus leas cuairteoirí.

## Íoc pras na gcuntas

Is é an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997, arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2012), a rialaíonn íocaíochtaí sonrasc Fhiontraíocht Éireann. Soláthraíonn na rialacháin seo, a bhaineann leis na hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon, teidlíocht as féin d'ús agus do chúiteamh má tá moill ar íocaíocht idirbheart tráchtála (tar éis 30 lá ón dáta a fhaightear í). Is é polasaí Fhiontraíocht Éireann a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras agus déantar gach iarracht, i gcomhréir le nósanna imeachta cuí airgeadais, a chinntiú go n-íoctar gach soláthraí laistigh den fhráma ama sin. Tá rialuithe ar bun chun ráthaíocht réasúnta, nach dearbhráthaíocht í, áfach, a chur ar fáil in aghaidh neamhchomhlíonadh an Achta agus na rialúchán.

## Íoc pras na soláthraithe

Tá Fiontraíocht Éireann tiomanta do na hoibleagáidí a shásamh faoin Riail um Íocaíocht Phras laistigh de 15 lá, a tháinig i bhfeidhm ar 1 Iúil 2011.

Cinntíonn an fhoráil seo go bhfaighidh soláthraithe íocaíochtaí ar gach sonrasc bailí laistigh de 15 lá féilire. Déanann Fiontraíocht Éireann tuairisc gach ráithe ar fheidhmiú na Rialach um Íocaíocht Phras laistigh de 15 lá ar a suíomh idirlín.

Léiríonn an tábla feidhmíocht Fhiontraíocht Éireann maidir leis an íocaíocht 15 lá a bhí riachtanach i gcaitheamh 2019.

| Sonraí | Líon | Luach € | Céatadán de líon iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh |
|---|---|---|---|
| Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 15 lá | 15,453 | €38,037,376 | 99.95% |
| Idir 16 agus 30 lá | 6 | €27,365 | 0.04% |
| Níos mó ná 30 lá | 2 | €9,500 | 0.01% |
| Íocaíochtaí iomlána | 15,461 | €38,074,242 | 100.00% |

## Cód Iompair na nÍocaíochtaí Prasa

Tá Fiontraíocht Éireann ina sínitheoir le Cód Iompair na nÍocaíochtaí Prasa.

## An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001

Tháinig Fiontraíocht Éireann faoi scóip na Rialachán um Eitic in Oifigí Poiblí (Comhlachtaí Poiblí Forordaithe, Stiúrthóireachtaí Ainmnithe de chuid Comhlachtaí Poiblí agus Poist Ainmnithe i gComhlachtaí Poiblí), 2004 (I.R. Uimh 699 de 2004) le héifeacht ón 1 Eanáir 2005. Tugann comhaltaí Bhord Fhiontraíocht Éireann ráitis leasa gach bliain don Rúnaí, agus tugadh cóipeanna díobh sin do Rúnaí an Choimisiúin, an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Ina theannta sin, tá na rialacháin á gcomhlíonadh ag baill foirne Fhiontraíocht Éireann atá i bpoist ainmnithe.

## Cosaint sonraí

Tá Fiontraíocht Éireann cláraithe mar rialaitheoir sonraí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Tá Fiontraíocht Éireann faoi réir ag an Rialachán Ginearálta Cosanta Sonraí 2018 agus an Acht um Chosaint Sonraí, 2018 in Éirinn. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Oifigeach Cosanta Sonraí Fhiontraíocht Éireann, An Plaza, Páirc Gnó an Phointe Thoir, Baile Átha Cliath D03 E5R6.

## Polasaí Nochta maidir le hÍocaíochtaí agus Infheistíochtaí

Is é polasaí Fhiontraíocht Éireann eolas a chur ar fáil faoi íocaíochtaí tacaíochta airgeadais a rinneadh le cuideachtaí cliaint. Tá tuarascáil ina liostaítear gach íocaíocht den saghas sin a rinne Fiontraíocht Éireann in aon bhliain ar leith ar fáil ach í a iarraidh tar éis do Thuarascáil Bhliantúil na heagraíochta a bheith scaoilte.

## An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta d'Fhiontraíocht Éireann in 2019.

## Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998–2015

Tá Fiontraíocht Éireann tiomanta do pholasaí comhionannas agus glacann sí cur chuige dearfach maidir le comhionannas san eagraíocht.

Feidhmíonn Fiontraíocht Éireann líon áirithe scéimeanna lena dtugtar don lucht foirne roghanna maidir lena riachtanais gairme agus pearsanta a shásamh, ar nós cláir oideachasúla, saoire staidéir, uaireanta oibre laghdaithe agus sosanna gairme. Tá polasaí maidir le Cosaint Dhínit ag an Obair i bhfeidhm agus é curtha in iúl don fhoireann ar fad.

## Coimisiún an Aontais Eorpaigh

In 2019, riar Fiontraíocht Éireann réimse clár atá i dteideal cómhaoiniú trí Chistí Struchtúracha an AE, lena n-áirítear Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Clár Oibriúcháin na hEarnála Táirgeachta, Clár Oibriúcháin Fostaíochta agus Forbartha Acmhainní Daonna, agus an dá Chlár Oibriúcháin Réigiúnacha do Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair (BMW) agus Réigiúin an Deiscirt agus an Oirthir.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003


Tá Fiontraíocht Éireann faoi chúram Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 a síníodh ina dhlí ar 14 Iúil 2003 chun creatlach reachtúil a chur ar fáil do sheachadadh seirbhísí trí mheán na Gaeilge. De réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo i nGaeilge agus i mBéarla.

## Cairt na gCliant

Leagtar amach i gCairt na gCliant ag Fiontraíocht Éireann an tiomantas atá againn do sheirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí. Féadfar faisnéis faoi Chairt na gCliant a fháil sa rannán ‘Eolas Fúinn’ dár suíomh gréasáin.

## Éifeachtúlacht agus caomhnú fuinnimh

Tá Fiontraíocht Éireann tiomanta dá seacht ndícheall a dhéanamh chun a bheith fuinneamh-éifeachtúil agus tá sí ag obair go dlúth le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) chun sprioc an Rialtais a bhaint amach an fuinneamh a bheith laghdaithe faoi 33% faoi 2020. Tá a gcuid spriocanna á mbaint amach ag an ngníomhaireacht chun úsáid fuinnimh a laghdú de 50%, arna thomhais de réir a bonnlíne i 2009. Glacann an ghníomhaireacht páirt freisin i gcreat-chomhaontuithe do sholáthar fóntas ar nós leictreachais agus gáis, faighte go lárnach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais, dá hoifigí i mBaile Átha Cliath agus dá hoifigí réigiúnacha. Ó Iúil 2015 i leith, is ceanglas é go dtaispeánfadh gach foirgneamh poiblí os cionn 250 méadar cearnach in achar teastas fuinnimh. Tá rátáil reatha teastais taispeána fuinnimh de E1 agus E2 ag foirgnimh cheannoifige Fhiontraíocht Éireann.



**Julie Sinnamon,**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# BORD FHIONTRAÍOCHT ÉIREANN 2019

Tá Bord Fhiontraíocht Éireann freagrach as straitéis agus polasaí a leagan amach don eagraíocht. Tá sé freagrach as an gcóras rialaithe inmheánaí airgeadais agus as próisis agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm le cinntiú go mbeidh an córas éifeachtach. Tá freagracht maoirsithe aige freisin as gníomhaíochtaí na heagraíochta. Tarmligeann sé don bhainistíocht agus d'fhochoistí an fhreagracht as iad a chur i bhfeidhm.

Tá údarás reachtúil ag an mBord cistiú suas leis na leibhéil atá leagtha amach san Acht um Fhorbairt Tionscail, 1986, arna leasú, agus san Acht um Eolaíocht agus Teicneolaíocht, 1987, a fhormheas agus moltaí a dhéanamh don Rialtas faoi chúnamh cistithe a thabhairt os cionn na leibhéal sin. Féadfaidh Bord Fhiontraíocht Éireann, agus na coistí bainistíochta a dtarmligeann sé cumhachtaí chucu, deontais a cheadú do chuideachtaí ar cliaint iad agus d'eagraíochtaí déanta taighde. Féadfaidh Bord Fhiontraíocht Éireann agus na coistí ábhartha a cheadú d'Fhiontraíocht Éireann scaireanna (gnáthscaireanna nó scaireanna tosaíochta) a fháil agus clárú le haghaidh nótaí iasachta, i gcuideachtaí ar cliaint iad. Anuas air sin, féadfaidh an Bord agus na coistí ábhartha a údarú d'Fhiontraíocht Éireann cineálacha eile iasachtaí a dhéanamh, amhail airleacan inaisíoctha, le cuideachtaí ar cliaint iad.

De réir théarmaí an Achta um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998, tá na feidhmeanna agus cumhachtaí ar fad forchoimeádta don Bhord, seachas iad sin a tharmligeann an Bord go foirmeálta.  Leagtar síos na cumhachtaí tarmligthe sin ar fad agus formheasann an Bord iad go foirmeálta. Ina ghníomhaíochtaí féin agus sa chaoi ina n-úsáideann sé fochoistí, feidhmíonn an Bord de réir na bprionsabal rialaithe chorparáidigh is fearr ag an earnáil phríobháideach.

De réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, caithfidh comhaltaí an Bhoird Ráiteas Leasa a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus don Rúnaí. Cloíonn Fiontraíocht Éireann go huile agus go hiomlán le polasaí an Rialtais maidir le pá na bpríomhfheidhmeannach agus pá daoine atá fostaithe i gcomhlachtaí Stáit agus le treoirlínte an Rialtais ar íocaíocht tháillí le comhaltaí Boird.

Is é an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta a ainmníonn na comhaltaí Boird, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Gach bliain, ar lá cuimhneacháin an Lae Bhunaidh, éiríonn an dá chomhalta (seachas an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach) a chaith an seal is faide in oifig óna gceapachán deireanach as oifig. Soláthraítear faisnéisiú fairsing faoin ngníomhaireacht agus a hoibriúcháin do chomhaltaí nua ar iad a bheith ceaptha ar an mBord.

Fágtar faoin mBord é Rúnaí an Bhoird a cheapadh agus a chur as oifig. Tá rochtain ag gach comhalta Boird ar an Rúnaí atá freagrach as a chinntiú go gcloítear le nósanna imeachta an Bhoird.

## Bord Fhiontraíocht Éireann amhail ar an 15 Bealtaine 2020



**Terence O'Rourke,**
(Cathaoirleach), Iar-Chomhpháirtí Bainistíochta, KPMG
**Ceaptha:** 1 Lúnasa 2013
**Athcheapadh:** 1 Lúnasa 2018



**Julie Sinnamon,**
POF, Fiontraíocht Éireann
**Ceaptha:** 3 Samhain 2013
**Athcheapadh:** 3 Samhain 2018



**Declan Hughes,**
Ard-Rúnaí Cúnta, An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta
**Ceaptha:** 4 Meán Fómhair 2017



**Geoff Meagher,**
Sainchomhairleoir
**Ceaptha:** 15 Deireadh Fómhair 2012
**Athcheapadh:** 10 Iúil 2017



**Colum Horgan,**
Príomhfheidhmeannach, InverCloud
**Ceaptha:** 15 Deireadh Fómhair 2012
**Athcheapadh:** 10 Iúil 2017



**Dave Shanahan,**
Bunaitheoir agus Príomhfheidhmeannach, Adagio Ventures Commercialisation Partners
**Ceaptha:** 23 Deireadh Fómhair 2015
**Athcheapadh:** 18 Iúil 2019



**Lisa Dillon,**
Bainisteoir Ginearálta EMEA Inside Sales, Microsoft
**Ceaptha:** 17 Samhain 2015
**Athcheapadh:** 18 Iúil 2019



**John McMahon,**
Sainchomhairleoir
**Ceaptha:** 26 Márta 2014
**Athcheapadh:** 10 Iúil 2017



**Helen Ryan,**
Stiúrthóir, Hakata Holdings Ltd.
**Ceaptha:** 26 Márta 2014
**Athcheapadh:** 10 Iúil 2017



**Elaine Coughlan,**
Comhbhunaitheoir agus Comhpháirtí Bainistíochta, Atlantic Bridge Capital Ltd.
**Ceaptha:** 12 Bealtaine 2014
**Athcheapadh:** 3 Eanáir 2019



**Clodagh Cavanagh,**
POF, Abbey Machinery Ltd.
**Ceaptha:** 3 Eanáir 2019



**Conor Hanley,**
Uachtarán agus POF, Foundry Innovation and Research 1 Ltd **(FIRE1)**
**Ceaptha:** 3 Eanáir 2019

Is é **Joe Healy** Rúnaí an Bhoird

**Athruithe ar an mBord le linn 2019 / 2020**

Ceapadh Clodagh Cavanagh ar 3 Eanáir 2019
Ceapadh Conor Hanley ar 3 Eanáir 2019
Ceapadh Joe Healy mar Rúnaí ar an 13 Bealtaine 2020
Chuaigh Paul McKeown ar scor ó ról an Rúnaí ar an 13 Bealtaine 2020

# BALLRAÍOCHT CHOISTÍ BAINISTÍOCHTA FHIONTRAÍOCHT ÉIREANN

amhail ar 31 Bealtaine 2020

### Coiste Straitéise agus Bainistíochta Beartais

Déanann an Coiste Straitéise agus Bainistíochta Beartais gníomhartha ar phríomhcheisteanna straitéiseacha a bhaineann le gnó na gníomhaireachta, lena n-áirítear an Plean Straitéiseach, Táirgí Airgeadais, Straitéisí Earnála agus gach ábhar ábhartha a bhaineann leis an mBord, a bhreithniú agus a chomhaontú.

Comhaltaí an choiste:

**Julie Sinnamon** (Cathaoirleach)

**Kevin Sherry**

**Stephen Creaner**

**Paul McKeown**

**Rowena Dwyer**

**Mark Christal**

**Jenny Melia**

**Tom Kelly**

**Carol Gibbons**

**Orla Battersby**

**Leo McAdams**

**Joe Healy**

**Gearóid Mooney**

Chuaigh ar scor le linn 2019: **Niall O'Donnellan**

### Coiste Feidhmíochta agus Oibriúchán

Déanann an Coiste Feidhmíochta agus Oibriúchán gníomhartha a fhaomhadh, a bhreithniú agus a chomhaontú, agus déanann sé monatóireacht ar an dul chun cinn a dhéantar ar phríomhcheisteanna corparáideacha a bhaineann le riarachán agus oibríochtaí na gníomhaireachta, lena n-áirítear an Plean Bliantúil Corparáideach, an buiséad bliantúil, Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla, agus riosca corparáideach.

Comhaltaí an choiste:

**Julie Sinnamon** (Cathaoirleach)

**Kevin Sherry**

**Stephen Creaner**

**Paul McKeown**

**Rowena Dwyer**

**Mark Christal**

**Jenny Melia**

**Tom Kelly**

**Carol Gibbons**

**Orla Battersby**

**Leo McAdams**

**Joe Healy**

**Gearóid Mooney**

Chuaigh ar scor le linn 2019: **Niall O'Donnellan**

### Coiste Bainistíochta na gCeaduithe

Is fochoiste de chuid an Choiste Infheistíochta é Coiste Bainistíochta na gCeaduithe a bhfuil sé de chumhacht aige maoiniú a cheadú suas le €250,000.

Comhaltaí an choiste:

**Tom Early** (Cathaoirleach)

**Enda McDonnell**

**Fergus McMahon**

**Imelda Lambkin**

**Niall McEvoy**

**Nicola NicPháidín**

**Stephen Hughes**

**Donald Black**

**Ciara Fitzpatrick**

**Keelin Fagan**

**Jean O'Sullivan**

**Lorraine Frewen** – Rúnaí ag Coiste Bainistíochta na gCeaduithe

# BALLRAÍOCHT CHOISTÍ BAINISTÍOCHTA FHIONTRAÍOCHT ÉIREANN

amhail ar an 31 Bealtaine 2020 (Ar lean)

## An Coiste Infheistíochta

Tá cumhacht ag an gCoiste Infheistíochta pacáistí cistithe a fhaomhadh de suas le €1.25m i gcomhair tionscadal áit nach mó ceaduithe cistithe roimhe sin ná €3.25m i gcomhair fiontair amháin laistigh den dá bhliain roimhe sin.

Comhaltaí an choiste:

**Julie Sinnamon,** (Cathaoirleach), Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann

**Kevin Sherry,** Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann

**Paul McKeown,** Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann

**Stephen Creaner,** Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann

**Thomas Murray,** Príomhoifigeach, An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

**Bernie Cullinan,** Sainchomhairleoir, an earnáil phríobháideach

**Liam Ryan,** Sainchomhairleoir, an earnáil phríobháideach

**Maurice Hickey,** an earnáil phríobháideach

**Natasha Stanley**, Rúnaí ag an gCoiste Infheistíochta

Chuaigh na comhaltaí seo a leanas ar scor ón gcoiste i rith 2019:

**Grainne Mulligan,** Príomhoifigeach, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**Niall O'Donnellan,** Bainisteoir Rannáin, Fiontraíocht Éireann

## An Coiste um Fhorbairt, Taighde & Nuálaíochta (TF&N)

Tá cur chuige Fhiontraíocht Éireann i leith T&F agus Nuálaíochta faoi threoir ag Nuáil 2020, straitéis de chuid an Rialtais, a chomhordaíonn an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Déanann an Coiste TF&N maoiniú a cheadú faoin gCiste T&F a seoladh go luath in 2008 agus tá sé deartha chun tacaíocht a thabhairt do thaighde, forbairt agus nuálaíocht teicneolaíochta atá ábhartha ag gach céim d'fhorbairt chuideachta. Cuireann sé tacaíocht ar fáil chun cabhrú le cuideachtaí dul ar aghaidh ón mbuntionscadal taighde a dhéanann siad go gníomhaíochtaí nuálaíochta agus T&F ardleibhéil.

Comhaltaí an choiste:

**Stephen Creaner,** (Cathaoirleach) Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann

**Gearóid Mooney,** Bainisteoir Rannáin, Taighde agus Nuálaíocht, Fiontraíocht Éireann

**Leo McAdams,** Bainisteoir Rannáin, Rannán na Seirbhísí Infheistíochta, Fiontraíocht Éireann

**Deirdre Glenn,** Stiúrthóir, Eolaíochtaí Beatha agus Tráchtálaíocht agus Bainisteoir, an Earnáil Eolaíochtaí Beatha, Fiontraíocht Éireann

**Tom Beresford,** Ceann Ionad Taighde Bia na Cloiche Léithe, Teagasc

**Denis Hayes,** Bainisteoir Ginearálta, Grúpa Taighde Tionsclaíochta agus Forbartha

**Brian McCoy,** Sainchomhairleoir

**Miriam Ní Néill,** Roinn Fiontair Closamhairc, Údarás na Gaeltachta

**Aidan O'Connor,** Sainchomhairleoir

**Johnnie Phillips,** Sainchomhairleoir

**Padraig Somers,** Bainisteoir Ginearálta, Helsinn Birex Pharmaceuticals

**Linda Cullen,** Speisialtóir sa Straitéis agus Pleanáil, Bord Bia

Chuaigh ar scor le linn 2019:

**Niall O'Donnellan,** Bainisteoir Rannáin, Fiontraíocht Éireann

**Mairead Hennessy,** Rúnaí an Choiste TF&N

## An Coiste Caipiteal Síl agus Fiontair

Is iad cuspóirí cláir Chaipiteal Síl agus Fiontair Fhiontraíocht Éireann earnáil an chaipitil fiontair in Éirinn a fhorbairt tuilleadh; caipiteal riosca a sholáthar do FBManna ag na céimeanna síl; nuathionscanta agus forbartha; infheistíocht phríobháideach agus institiúide a ghiaráil agus cistí atá inmharthana ó thaobh tráchtála a fhorbairt. Is scéim iomaíoch í seo.

Comhaltaí an choiste:

**Kevin Sherry,** (Cathaoirleach) Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Forbairt Ghnó Domhanda, Fiontraíocht Éireann

**Donnchadh Cullinan,** Bainisteoir Roinne, Caipiteal Fáis agus Caidrimh Bhaincéireachta, Fiontraíocht Éireann

**Don Harrington,** Stiúrthóir Airgeadais Chorparáideach, Goodbody Stockbrokers, earnáil phríobháideach

**Jean Carberry,** Príomhoifigeach, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

**Paul McKeown,** Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann

**Nick Ashmore,** Príomhfheidhmeannach, Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann

**Natasha Stanley,** Rúnaí ag an gCoiste Caipiteal Síl agus Fiontair

## An Coiste um Thaighde Tionscail agus Tráchtálaíochta

Formheasann an Coiste um Thaighde Tionscail agus Tráchtálaíochta cistiú suas le €1.25m do thaighde feidhmeach agus tráchtálú a bhfuil na hollscoileanna agus na hinstitiúidí teicneolaíochta, taighde comhoibritheach agus líonraí atá á stiúradh ag an tionscal bainteach leis. Díríonn sé isteach ar thionscadail atá stiúrtha ag an tionscal nó a d'fhéadfadh toradh díreach tráchtála a bheith acu in Éirinn.

Comhaltaí an choiste:

**Gearóid Mooney,**(Cathaoirleach), Bainisteoir Rannáin, Taighde agus Nuálaíocht, Fiontraíocht Éireann

**Jennifer Brennan,** Cumann an Ardoideachais Teicneolaíochta (THEA)

**Mike Brosnan,** Sainchomhairleoir

**Joseph Curtis,** Bainisteoir Roinne, Seirbhísí Taighde agus Nuálaíochta agus Corparáideacha, Fiontraíocht Éireann

**Carol Gibbons,** Bainisteoir Roinne, Tráchtálaíocht TFC, Leictreonaic, Fiontraíocht Éireann

**Seamus Grant,** Sainchomhairleoir

**Lisa Keating,** Cumann Ollscoileanna Éireann

**Richard Howell,** Ceann Taighde, an Rannán Bia agus Comhordaithe Codex, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**Alan Kelly,** Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

**Frank Kennedy,** Feidhmeannach Scortha, tionscal príobháideach

**Darrin Morrissey,** an Bord Taighde Sláinte (HRB)

**Siobhan Roche,** Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI)

**Mary Shire,** Leasuachtarán Taighde, Ollscoil Luimnigh

**Mairead Hennessy,** Rúnaí ag an gCoiste um Thaighde Tionscail agus Tráchtálaíochta

Chuaigh na comhaltaí seo a leanas ar scor ón gcoiste i rith 2019/2020:

**Mairead O'Driscoll,** an Bord Taighde Sláinte

**Niall O'Donnellan,** Fiontraíocht Éireann

**Colette Reilly,** Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

# RÁITIS AIRGEADAIS

## Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais Fiontraíocht Éireann

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Fhiontraíocht Éireann don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 mar a éilítear faoi fhorálacha alt 22 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann) 1998. Cuimsíonn na ráitis airgeadais:

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe
- an ráiteas faoi ioncam cuimsitheach
- an ráiteas faoi sheasamh airgeadais
- an ráiteas faoi shreafaí airgid agus
- na nótaí ábhartha, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar na hacmhainní, dliteanais agus ar staid airgeadais Fhiontraíocht Éireann amhail ar an 31 Nollaig 2019 agus dá hioncam agus caiteachas do 2019 i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann.

### Bunús na tuairime

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) mar a chuirtear i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Is iad na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin ná iad siúd a bhfuil tuairisc orthu san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Fhiontraíocht Éireann agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Measaim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam le go mbeidh sí ina bonn le mo thuairim.

### Tuairisc faoi fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais agus faoi ábhair eile

Tá faisnéis eile curtha i láthair ag Fiontraíocht Éireann in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialaithe agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird san áireamh, agus an ráiteas faoi rialú inmheánach. Tá mo chuid freagrachtaí as tuairisc a thabhairt i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ábhair áirithe eile a dtugaim tuairisc orthu trí eisceachtaí, leagtha amach san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis sin.

Seamus McCarthy

**Seamus McCarthy**

**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**24 Meitheamh 2020**

# AGUISÍN LEIS AN TUARASCÁIL

## Freagrachtaí na gcomhaltaí Boird

Mar atá mionsonraithe sa ráiteas rialaithe agus i dtuarascáil na gcomhaltaí Boird, tá na comhaltaí Boird freagrach as:

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi alt 22 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann) 1998
- déanamh cinnte go dtugtar léargas fíor agus cóir i gcomhréir le FRS102 sna ráitis airgeadais
- déanamh cinnte go mbíonn idirbhearta rialta
- measúnú cibé acu gur cuí úsáid a bhaint as bonn an ghnóthais leantaigh sa chuntasaíocht, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach chun gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar thoradh ar chalaois nó earráid.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 22 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998 ráitis airgeadais Fhiontraíocht Éireann a iniúchadh agus tuarascáil a dhéanamh orthu chuig Tithe an Oireachtais.

Is í an aidhm atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh ná dearbhú réasúnta faoi cibé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomlán saor ó mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní deimhniú é go mbraithfidh iniúchadh, arna chur i bhfeidhm de réir ISA míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt ó chalaois nó earráid agus meastar gur míráitis ábhartha iad más féidir bheith ag súil leis go réasúnta, go mbeadh tionchar acu ina n-aonar, nó le chéile, ar chinntí eacnamaíocha úsáideora arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim amhras gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- Déanaim rioscaí an mhíráitis ábhartha i leith na ráiteas airgeadais cibé acu de thoradh calaoise nó earráide a aithint agus a mheas ceapaim agus cuirim i bhfeidhm nósanna imeachta iniúchóireachta chun freagairt do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus cuí le go mbeidh sí ina bonn le mo thuairim. Tá an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha de thoradh calaoise níos airde ná an riosca de thoradh earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirtíocht, brionnú, neamhghníomhartha d'aon turas, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach is cuí don iniúchadh chun nósanna imeachta a cheapadh atá cuí sna cúinsí, ach ní chun críocha tuairim a chur in iúl faoi éifeachtacht na rialuithe airgeadais.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán airgeadais agus na nochtuithe bainteacha.
- Cinnim faoina oiriúnaí is atá sé leas a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, ar bhonn na fianaise iniúchta a fuair mé, cibé acu an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha i gceist a bhaineann le teagmhais nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas Fhiontraíocht Éireann leanúint ar aghaidh ina gnóthas leantach. Má thagaim ar an gconclúid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe bainteacha sna ráitis airgeadais, mura leor na nochtuithe sin, chun mo thuairim a athrú. Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar fhianaise faighte suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh sé a bheith amhlaidh, áfach, go mbeadh teagmhais nó dálaí ann amach anseo a chuirfeadh faoi deara nach leanfadh Fiontraíocht Éireann ar aghaidh ina gnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, na nochtuithe san áireamh, agus lena n-áirítear cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar bhealach go gcuirtear i láthair go cóir iad.

Bíonn cumarsáid agam leo siúd a mbíonn cúram an rialachais leagtha orthu maidir le, i measc ábhar eile, scóip agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus fionnachtana tábhachtacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh mhóra sa rialú inmheánach a aithním le linn an iniúchta.

## Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní léirím aon fhoirm eile de chonclúid dearbhaithe i leith sin.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile atá curtha i láthair a léamh, agus é sin á dhéanamh agam, breithniú cibé acu an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas faighte le hiniúchadh, nó más cosúil go bhfuil sé míshonraithe go hábhartha ar bhealach eile. Má cheapaim, ar bhunús na hoibre atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha maidir leis an eolas eile seo, tá de cheanglas orm an méid sin a thuairisciú.

## Tuairisciú ar ábhair eile

Déanaim m'iniúchadh ag tagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibriúchán. Déanaim tuairisc má shainaithním nithe ábhartha a bhaineann leis an mbealach inar stiúradh gnó poiblí.

Tá mé ag iarraidh fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Déanaim tuairisc má shainaithním ásc ábhartha ar bith inar caitheadh airgead poiblí chun críche seachas an chríoch a beartaíodh nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú.

Tugaim tuairisc freisin trí eisceacht más amhlaidh, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a theastaíonn uaim do m'iniúchadh, nó
- nárbh leor na taifid chuntasaíochta chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh gan mhoill agus i gceart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

# RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA GCOMHALTAÍ BORD

## Rialachas

Bunaíodh Bord Fhiontraíocht Éireann faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann) 1998. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 22 den Acht seo. Tá an Bord freagrach don Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú, rud a dhéantar trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh faoi gach príomhcheist a bhaineann leis an ngnó. Is ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus ar an bhfoireann shinsearach bainistíochta atá freagracht as bainistiú, rialú agus stiúradh rialta Fhiontraíocht Éireann ó lá go lá. Ní mór don POF agus don fhoireann ardbhainistíochta an treoir ghinearálta straitéiseach atá leagtha síos ag an mBord a leanúint, agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag na comhaltaí Boird uile ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon riosca suntasach a d'fhéadfadh a theacht aníos. Feidhmíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar theagmhálaí idir Bhord agus bainistíocht Fhiontraíocht Éireann.

## Freagrachtaí an Bhoird

Leagtar amach i dTéarmaí Tagartha an Bhoird obair agus freagrachtaí an Bhoird, a chuimsíonn chomh maith na nithe a fhorchoimeádtar go sainiúil lena gcinneadh ag an mBord. Áirítear leis na míreanna buana a phléann an Bord:

- Dearbhú leasanna
- Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh
- Tuarascálacha ó fhochoistí an Bhoird
- Tuarascálacha airgeadais /cuntais bainistíochta agus tuarascálacha feidhmíochta
- Míreanna rialaithe chorparáidigh
- Míreanna le plé
- Tionscadail le cinneadh
- Míreanna le nótáil

Éilíonn Alt 22 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998, ar Bhord Fhiontraíocht Éireann, sa bhfoirm a bhfaomhóidh an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht le toiliú an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais go léir is cuí agus is gnách den airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choinneáil.

Ag ullmhú na ráitis airgeadais sin, caithfidh Bord Fhiontraíocht Éireann:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh sé ar aghaidh ag oibriú
- A rá cibé ar comhlíonadh caighdeáin infheidhme cuntasaíochta, faoi réir ag imeachtaí ábhartha ar bith a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta dhóthanacha a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta am ar bith, a staid airgeadais agus a chumasaíonn dó a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 22 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998. Tá sé de fhreagracht ar an mBord an t-eolas corparáideach agus airgeadais ar shuíomh gréasáin Fhiontraíocht Éireann a choinneáil suas chun dáta agus a chruinneas a chinntiú.

Tá an Bord freagrach as formheas an phlean and buiséad bliantúil. Ar an 12 Feabhra 2020, rinneadh luacháil ar fheidhmíocht Fhiontraíocht Éireann ag úsáid an phlean agus an bhuiséid bhliantúil mar thagairt.

Tá an Bord freagrach freisin as a acmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí a chosc agus a bhraith.

Is í tuairim an Bhoird go dtugann ráitis airgeadais Fhiontraíocht Éireann léargas fíorcheart d'fheidhmíocht agus de staid airgeadais Fhiontraíocht Éireann ag 31 Nollaig 2019.

## Struchtúr an Bhoird

Tá Cathaoirleach, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus deichniúr Comhaltaí neamhfheidhmiúcháin ar an mBord, agus iad ar fad ceaptha ag an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Ceaptar comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse cúig bliana agus cruinníonn siad le chéile ar bhonn míosúil. Níl aon fholúntais air faoi láthair.

Léiríonn an tábla thíos sonraí maidir le tréimhse cheaptha na gcomhaltaí reatha:

| Comhalta Boird | Ról | Dáta Ceaptha |
|---|---|---|
| Terence O'Rourke | Cathaoirleach | 1 Lúnasa 2013, Athcheapadh ar an 1 Lúnasa 2018 |
| Julie Sinnamon | Príomhfheidh-meannach | 3 Samhain 2013, Athcheapadh ar an 3 Samhain 2018 |
| Clodagh Cavanagh | Comhalta Boird | 3 Eanáir 2019 |
| Elaine Coughlan | Comhalta Boird | 12 Bealtaine 2014, Athcheapadh ar an 3 Eanáir 2019 |
| Lisa Dillon | Comhalta Boird | 17 Samhain 2015, Athcheapadh ar an 18 Iúil 2019 |
| Conor Hanley | Comhalta Boird | 3 Eanáir 2019 |
| Colum Horgan | Comhalta Boird | 15 Deireadh Fómhair 2012, Athcheapadh ar an 10 Iúil 2017 |
| Declan Hughes | Comhalta Boird | 4 Meán Fómhair 2017 |
| John Mc Mahon | Comhalta Boird | 26 Márta 2014, Athcheapadh ar an 10 Iúil 2017 |
| Geoff Meagher | Comhalta Boird | 15 Deireadh Fómhair 2012, Athcheapadh ar an 10 Iúil 2017 |
| Helen Ryan | Comhalta Boird | 26 Márta 2014, Athcheapadh ar an 10 Iúil 2017 |
| Dave Shanahan | Comhalta Boird | 23 Deireadh Fómhair 2015, Athcheapadh ar an 18 Iúil 2019 |

Chuir an Bord Féin-Mheasúnú Luachála i gcrích i Nollaig 2019 agus cuireadh i láthair an Bhoird é ag cruinniú ar an 8 Eanáir 2020. Tháinig an Bord le chéile 14 uair in 2019.

**Tá fochoistí curtha ar bun ag an mBord, mar seo a leanas:**

**1. Coiste Comhairleach an Bhoird:** Ceathrar comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin atá air. Is é ról Fochoiste Comhairleach an Bhoird ábhair a bhaineann le tograí práinneacha agus/nó suntasacha a athbhreithniú agus a phlé roimh a phléann an Bord iad agus a dhéantar cinneadh ina leith. Is iad seo a leanas comhaltaí Fhochoiste Comhairleach an Bhoird: Terence O'Rourke (Cathaoirleach), Julie Sinnamon (POF), Declan Hughes, Geoff Meagher agus Elaine Coughlan.

Bhí aon chruinniú amháin ag Fochoiste Comhairleach an Bhoird in 2019.

**2. An Coiste Iniúchta agus Riosca:** Tá ceithre chomhalta Boird neamhfheidhmiúcháin ar an gcoiste seo. Is é ról an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena fhreagrachtaí maidir le ceisteanna a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas agus ráthaíocht bhainteach. Tá an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Déanann an Coiste deimhin de go ndéantar monatóireacht ghníomhach, neamhspleách ar na córais inmheánacha rialaithe, gníomhaíochtaí iniúchta san áireamh. Tuairiscíonn an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca chuig an mBord tar éis gach cruinniú, agus go foirmeálta i scríbhinn uair amháin sa bhliain.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca: Geoff Meagher (Cathaoirleach), Colum Horgan, Helen Ryan agus Clodagh Kavanagh (ceapadh in Eanáir 2020).

Eagraíodh ceithre chruinniú den Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca i 2019.

**3. An Coiste Athbhreithnithe Infheistíochta Punainne (IPRC):** Beirt chomhaltaí neamhfheidhmiúcháin Boird arna gceapadh ag an mBord, duine díobh le bheith ainmnithe mar Chathaoirleach, i dteannta leis an POF, an Príomhoifigeach Airgeadais agus aon chomhalta amháin ón earnáil phríobháideach atá air. Is é ról an Choiste Athbhreithnithe ar an bPunann Infheistíochta (IPRC) ná bainistíocht punann infheistíochta Fhiontraíocht Éireann a mhaoirsiú.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Athbhreithnithe Infheistíochta Punainne: John McMahon (Cathaoirleach), Declan Hughes, Julie Sinnamon (POF) agus Paul McKeown (POA). Tá folúntas amháin ann.

Bhí cúig chruinniú ag an IPRC in 2019.

**4. An Coiste Straitéise agus Beartais:** Cúigear comhalta neamhfheidhmeannach den Bhord arna gceapadh ag an mBord. Is é ról an Choiste Straitéise agus Beartais ná obair leis an bhFeidhmeannas chun straitéis chorparáideach d'Fhiontraíocht Éireann a fhorbairt.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Straitéise agus Beartais: Terence O'Rourke (Cathaoirleach), John McMahon, Dave Shanahan, Helen Ryan agus Conor Hanley.

Tagann an Coiste le chéile de réir mar is gá. Ní raibh aon chruinniú aige in 2019.

**5. An Coiste Feidhmíochta agus Pleanála Acmhainní:** Tá Cathaoirleach an Bhoird agus, ar a laghad, beirt chomhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin atá ceaptha ag an mBord, ar an gcoiste seo.

Is é ról an Choiste Feidhmíochta agus Pleanála Acmhainní cuidiú leis an mBord chun a fhreagrachtaí maoirsithe a chomhlíonadh trí chomhairle agus moltaí a chur ar fáil don Bhord ar cheapadh, luach saothair agus measúnú ar fheidhmíocht an POF, agus ar an bpleanáil chomharbais don POF, i gcomhréir le beartas an Rialtais. Is iad comhaltaí an Choiste Feidhmíochta agus Pleanála Acmhainní Terence O'Rourke (Cathaoirleach), Elaine Coughlan agus Lisa Dillon.

Tagann an Coiste le chéile de réir mar is gá. Ní raibh aon chruinniú aige in 2019.

# RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN BHOIRD (Ar lean)

## Sceideal an Fhreastail, na dtáillí agus na gcostas

Tá sceideal den tinreamh ag cruinnithe an Bhoird agus na gCoistí do 2019 leagtha amach thíos:

| | Bord | Comhair-leach an Bhoird | Iniúchóireacht & Riosca | IPRC | Straitéis & Polasaí | Feidhmíocht & Pleanáil Acmhainní | Táillí 2019 € | Speansais 2020 € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na gcruinnithe** | ***14** | **1** | **4** | **5** | **Mar is gá** | **Mar is gá** | | |
| Terence O'Rourke | 14 | 1 | | | | | 20,528 | 9,117 |
| Julie Sinnamon | 14 | 1 | | 5 | | | - | 30,131 |
| Elaine Coughlan | 14 | 1 | | | | | 11,883 | - |
| Lisa Dillon | 11 | | | | | | 11,975 | - |
| Colum Horgan | 11 | | 4 | | | | 11,975 | 4,369 |
| Declan Hughes | 11 | 1 | | 5 | | | - | - |
| John McMahon | 13 | | | 5 | | | 11,975 | 69 |
| Geoff Meagher | 13 | 1 | 4 | | | | 11,975 | 1,817 |
| Helen Ryan | 11 | | 3 | | | | 11,975 | 1,247 |
| Dave Shanahan | 12 | | | | | | 11,975 | - |
| Conor Hanley | 12 | | | | | | 11,883 | 114 |
| Clodagh Cavanagh | 11 | | | | | | 11,883 | 2,285 |
| Iomlán | | | | | | | 128,027 | 49,149 |

*Tionóladh cruinniú den Bhord ar an 21 Meitheamh 2019 agus ar an 11 Nollaig 2019 gan chomhaltaí feidhmiúcháin den Bhord ná lucht bainistíochta a bheith i láthair.

San áireamh leis na speansais iomlán de €49,149, tá €13,765 a íocadh go díreach le comhaltaí an Bhoird. Baineann an t-iarmhéid de €35,384 le caiteachas a d'íoc Fiontraíocht Éireann thar ceann na gcomhaltaí Boird. Baineann na speansais le costais iompair agus chothabhála tabhaithe ag an POF agus na comhaltaí Boird le linn dóibh a bheith ag freastal ar chruinnithe Boird agus ar ócáidí cliaint eile de chuid Fhiontraíocht Éireann, lena n-áirítear misin trádála thar sáile.

Bhí beirt chomhaltaí Boird ann, Julie Sinnamon Uasal (POF) agus an tUasal Declan Hughes, Rúnaí Cúnta, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, nach bhfuair táille Boird i gcomhréir leis an bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin (OPOS).

## Príomhathruithe pearsanra

I gcomhréir leis an Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998, rachaidh beirt chomhaltaí Boird, a chaith an seal is faide in oifig óna gceapachán deireanach, ar scor ón oifig ar gach cuimhneacháin Lá Bunaidh Fhiontraíocht Éireann. Chuaigh beirt chomhaltaí Boird ar scor ar an 23 Iúil 2018, Elaine Coughlan Uasal agus an tUasal Patrick Flynn. Ar 3 Eanáir 2019 d'athcheap an tAire Elaine Coughlan Uasal agus cheap sé beirt chomhaltaí nua ar an mBord: Clodagh Cavanagh Uasal agus an tUasal Conor Hanley. Bhí Lisa Dillon Uasal agus an tUasal Dave Shanahan le dul ar scor ar an 23 Iúil 2019. Athcheapadh an bheirt acu ar an 18 Iúil 2019.

Bunaíodh an tríú ról do Stiúrthóir Feidhmiúcháin in 2019 agus ceapadh an tUasal Paul McKeown sa ról le héifeacht ón 29 Deireadh Fómhair 2019. Tá sé ina Phríomhoifigeach Airgeadais fós.

Chuir Julie Sinnamon Uasal in iúl don Bhord ar an 12 Feabhra 2020 go bhfuil sé ar intinn aici éirí as a ról mar POF níos déanaí sa bhliain. Tá tús curtha le duine a aimsiú chun teacht ina háit.

## Nochtuithe arna n-éileamh ag an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon Fiontraíocht Éireann riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) ("an Cód"), de réir mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é i Lúnasa 2016. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas:

## Mionsonrú ar shochair gearrthéarmacha na bhfostaithe

Leagtar amach sochair ghearrthéarmacha fhostaithe os cionn €60,000 i Nóta 7(b).

## Costais chomhairliúcháin

Cuimsíonn costais chomhairliúcháin costas na comhairle eachtraí a thugtar don bhainistíocht agus ní chuimsíonn siad feidhmeanna 'gnó mar is gnách'.

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Measúnú Tráchtála & Teicniúil | 495,433 | 460,069 |
| Iniúchadh Inmheánach, Bainistíocht Riosca & Iniúchtaí Cláir | 463,348 | 273,808 |
| Athbhreithnithe Airgeadais & Próisis | 141,681 | 13,523 |
| Dlíthiúil | 254,611 | 251,509 |
| Eile | 267,849 | 166,374 |
| **Costais iomlána chomhairliúcháin** | **1,622,922** | **1,165,283** |

## Costais dhlíthiúla agus socraíochtaí

Thabhaigh Fiontraíocht Éireann €80,720 i dtáillí dlí maidir le himeacht dlíthiúil a thionscain cuideachta ar cliant í in aghaidh Fhiontraíocht Éireann. Comhaontaíodh socraíocht idir na páirtithe agus d'íoc an chuideachta ar cliant í as. Ní chuimsíonn sé seo speansais a thabhaítear maidir le comhairle dlíthiúil ghinearálta a fuair Fiontraíocht Éireann a nochtar sna costais Shainchomhairleoireachta thuas.

## Caiteachas taistil agus cothabhála

Tá ceannoifig Fhiontraíocht Éireann suite i bPáirc Ghnó an Phointe Thoir, Baile Átha Cliath. Tá líonra réigiúnach agus thar sáile ag Fiontraíocht Éireann freisin. Meastar gur taisteal idirnáisiúnta taisteal lasmuigh d'Éirinn ag lucht foirne a bhfuil cónaí orthu in Éirinn. Meastar gur taisteal intíre taisteal laistigh den dlínse ina bhfuil a n-oifigí ceaptha ag lucht foirne atá suite i gceann ar bith de na 33 oifig thar lear. Meastar gur taisteal idirnáisiúnta taisteal lasmuigh den dlínse ina bhfuil oifig cheaptha an bhaill foirne.

Catagóirítear caiteachas taistil agus cothabhála mar seo a leanas:

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| **Intíre** | | |
| Bord* | 32,081 | 17,132 |
| Fostaithe | 2,750,387 | 2,475,408 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| Bord* | 17,068 | 26,884 |
| Fostaithe | 2,481,217 | 2,537,581 |
| **Iomlán** | **5,280,753** | **5,057,005** |

*Iena n-áirítear taisteal agus cothabháil de €13,765 a íocadh go díreach le comhaltaí an Bhoird i 2019 (2018-€13,729). Baineann an t-iarmhéid de €35,384 (2018- €30,287) le caiteachas a d'íoc Fiontraíocht Éireann thar ceann chomhaltaí an Bhoird agus an POF.

## Caiteachas fáilteachais

Cuimsíonn an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Fáilteachas Foirne | 25,812 | 10,851 |
| Fáilteachas Cliaint | 239,434 | 287,817 |
| **Iomlán** | **265,246** | **298,668** |

## Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon Fiontraíocht Éireann go hiomlán an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú do 2019.

Thar ceann Bhord Fhiontraíocht Éireann:

**Terence O'Rourke,**
Cathaoirleach Feidhmiúcháin

**Julie Sinnamon,**
Príomhoifigeach

23 Meitheamh 2020

# RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

## Scóip na Freagrachta

Thar ceann Fhiontraíocht Éireann, admhaím freagracht an Bhoird maidir le cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Cuireann an fhreagracht seo san áireamh riachtanais Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh (2016).

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaí

Tá an córas rialaithe inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú ag leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis. Mar sin, is féidir leis an gcóras ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil na sócmhainní sábháilte, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifead mar is cóir, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a bhraith ar bhonn tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar bun i bhFiontraíocht Éireann don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## Acmhainn chun déileáil le riosca

Tá Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca (ARC) ag Fiontraíocht Éireann, ar a bhfuil ceathrar comhaltaí Boird a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu, agus gurb é an Cathaoirleach duine acu. Tháinig an ARC le chéile ceithre huaire in 2019.

Tá aonad inmheánaigh iniúchta seanbhunaithe ag Fiontraíocht Éireann atá acmhainnithe go leordhóthanach, agus a stiúrann clár oibre atá comhaontaithe le hIonad Acmhainne na gCuntasóirí.

Tá polasaí bainistíochta riosca forbartha ag ARC a leagan amach an méid riosca a ghlacann sé leis, an próiseas bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a thugann mionsonraí faoi róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an polasaí seo don fhoireann ar fad, ag súil leis go n-oibreoidh siad agus iad ag cloí le polasaithe bainistíochta riosca Fhiontraíocht Éireann, agus go gcuirfidh siad an bhainistíocht ar an eolas maidir le haon riosca nua nó aon laige rialaithe atá ag teacht chun cinn, agus freagracht a ghlacadh as aon rioscaí nó rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Fiontraíocht Éireann a aithníonn agus a thugann tuairisc ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ghlacadh chun déileáil leo agus, a oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí ann a aithníonn na príomhrioscaí ar gá d'Fhiontraíocht Éireann aghaidh a thabhairt orthu agus rinneadh na rioscaí seo a aithint, a mheasúnú agus a rangú de réir a dtábhacht. Déanann an ARC an clár a athbhreithniú agus a thabhairt suas chun dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear na measúnaithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh le cinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go dtí leibhéal atá inghlactha.

Tugann an clár rioscaí mionsonraí faoi na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí agus freagrachtaí a mhaolú agus faoin bhfreagracht maidir le hoibríocht rialaithe a leagtar ar bhaill foirne ar leith. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe ag a bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó ar fad doiciméadaithe
- Freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal na bainistíochta agus cuntasacht dá réir
- Tá córas cuí buiséadaithe ann agus buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú
- Tá córais ann atá ceaptha chun slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú
- Tá córais i bhfeidhm chun cosaint a thabhairt do shócmhainní, agus
- Cinntíonn nósanna imeachta rialaithe maidir le cistiú deontais do ghníomhaireachtaí eachtracha rialú leordhóthanach ar cheadú deontas agus ar mhonatóiriú agus athbhreithniú deontaithe chun a chinntiú go bhfuil an cistiú deontais curtha i bhfeidhm chun na críche a beartaíodh

## Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta do phróisis rialaithe mhonatóireachta agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíochtaí ceartaitheacha a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Bhord, más cuí sin, ar bhonn tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- Tá na príomhphriacail agus na rialuithe bainteacha sainaitheanta agus tá próisis curtha ar bun chun oibriú na bpríomhrialuithe sin a mhonatóiriú agus easpaí ar bith atá sainaitheanta a thuairisciú
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ag a bhfuil freagracht do bhainistíocht airgeadais sannta, agus
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar an bhfeidhmíocht thréimhsiúil agus ar an bhfeidhmíocht bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn an fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhfháisnéisí

I ndiaidh athbhreithniú ar na próisis a bhaineann le híocaíochtaí, tá rialuithe breise curtha i bhfeidhm chun an timpeallacht rialaithe sin a neartú. Tionscnaíodh an t-athbhreithniú sin i ndiaidh calaois dhírithe a díríodh ar an ngníomhaireacht, a d'fhág go ndearnadh íocaíocht de €30,416 in 2019. Leanadh nósanna imeachta um chalaois, lena n-áirítear an t-eachtra a thuairisciú don Garda Síochána.

## Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Fiontraíocht Éireann chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte soláthair reatha a chinntiú. Aibhsítear thíos faoi Fhadhbanna Rialaithe Inmheánaigh nithe a thagann chun cinn i dtaca le rialuithe maidir le soláthar.

## Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag Fiontraíocht Éireann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Le monatóireacht agus athbhreithniú Fhiontraíocht Éireann ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh, cuirtear san áireamh obair na n-iniúchóirí inmheánacha, an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca, a mhaoirsíonn a gcuid oibre, obair na n-iniúchóirí seachtracha agus an ardbhainistíocht laistigh d'Fhiontraíocht Éireann atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaí do 2019.

## Ceisteanna maidir le Rialú Inmheánach

### Soláthar Neamh-Chomhlíontach

I rith 2019, rinneadh caiteachas €74,217 a thabhú d'earraí agus seirbhísí ceithre sholáthraí áit nár chloígh na nósanna imeachta a leanadh leis na treoirlínte maidir le soláthar. Bhain cás amháin le comhairle dlí lenar bhain dhá ábhar comhairle leantaigh nach rabhthas ag súil leo ag am an bhunsholáthair agus ábhair comhairle riachtanaí agus práinní dlí. Cuireadh próiseas tairisceana ag Leibhéal na hEorpa i gcrích i Ráithe 1 2020. Bhain an dara cás le printéirí ilfheidhmeacha agus le fadhb tráthúlachta maidir le cur i gcrích próiseas tairisceana leis an Oifig um Sholáthar Rialtais. Tá an próiseas tairisceana curtha i gcrích anois agus tá conradh nua i bhfeidhm ó bhí an 1 Iúil 2019 ann.

**Terence O'Rourke**
Cathaoirleach

23 Meitheamh 2020

# **Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Forchoimeádta Ioncaim** don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019<br>€ '000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Oireachtais - an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta | 2 | **296,993** | 268,583 |
| Cistiú ó Ranna Rialtais Eile | 3 | **5,711** | 6,864 |
| Acmhainní Féin | 4 | **10,393** | 9,543 |
| Cistiú na nGlansochar Scoir Iarchurtha | 8 (d) | **17,984** | 21,405 |
| **Brabús ar dhiúscairt/aistriú Shócmhainní Seasta** | 11 | **49,151** | 24,228 |
| **IONCAM IOMLÁN** | | **380,232** | 330,623 |
| **Caiteachas** | | | |
| Tacaíocht Airgeadais do Thionscal | 5 | **243,939** | 210,086 |
| Íocaíocht amach do Ghníomhaireachtaí Eile Stáit maidir le Tacaíochta Airgeadais do Thionscal | 6 | **855** | 1,540 |
| Riarachán, Oibriúchán agus Cur Chun Cinn | 7 | **89,909** | 84,176 |
| Costais Sochair Scoir | 8 (c) | **21,211** | 23,644 |
| Gluaiseacht i Luach Shócmhainní Seasta | 9 | **12,024** | 1,381 |
| Gluaiseacht Luacha Iasachtaí Lamháltais Aonáin Leasa Phoiblí | 10 | **425** | (359) |
| **CAITEACHAS IOMLÁN** | | **368,363** | 320,468 |
| **Barrachas roimh Leithghabhálacha** | | **11,869** | 10,155 |
| **Leithghabhálacha** | | | |
| Rannchuidiú (le)/ón Státchiste | 12 | **(9,234)** | (131) |
| Aistriú go dtí an Cuntas Caipitil | 13 | **(13,186)** | (6,362) |
| Aistriú go dtí an Cuntas Réamhíocaíochtaí Stáit | 14 | **3,739** | 3,293 |
| **Barrachas/(Easnamh) tar éis Leithghabhálacha** | | **(6,812)** | 6,955 |
| **An t-Iarmhéid tugtha ar aghaidh at Tús na Bliana** | | **9,660** | 2,705 |
| **An t-Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh ag Deireadh na Bliana** | | **2,848** | 9,660 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo na Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 26.

Thar ceann Bhord Fhiontraíocht Éireann:

**Terence O'Rourke**
Cathaoirleach

**Julie Sinnamon**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

23 Meitheamh 2020

# **Ráiteas faoin Ioncam Cuimsitheach** don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

| | 2019<br>€ '000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Barrachas/(Easnamh) tar éis Leithghabhálacha** | (6,812) | 6,955 |
| Gnóthas/(caillteanas) taithí ar dhliteanais na scéime Sochair Scoir | 2,576 | 13,848 |
| Athrú ar na boinn tuisceana atá taobh thiar de luach reatha na nDliteanas sochair scoir faoi láthair | (47,601) | 9,261 |
| Brabús/(caillteanas) achtúireach iomlán sa bhliain | (45,025) | 23,109 |
| Coigeartú ar chistiú Sochar Scoir iarchurtha | 45,025 | (23,109) |
| **Ioncam Cuimsitheach iomlán don bhliain** | (6,812) | 6,955 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo na Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 26.

Thar ceann Bhord Fhiontraíocht Éireann:

**Terence O'Rourke**
Cathaoirleach

**Julie Sinnamon**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

23 Meitheamh 2020

# **Ráiteas faoin Staid Airgeadais** amhail ar an 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh | 16 | 1,884 | 1,213 |
| Airgeadas | 17 | 455,824 | 443,309 |
| Sócmhainní Seasta Iomlána | | 457,708 | 444,522 |
| **Iasachtaí Lamháltais d'Aonáin Leasa Phoiblí** | 18 | 11,565 | 12,220 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | 19 | 3,931 | 5,204 |
| Airgead tirim agus Coibhéis Airgid Tirim | | 22,073 | 13,014 |
| | | 26,004 | 18,218 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Suimeanna Iníoctha (Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin) | 20 | 23,156 | 8,558 |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 2,848 | 9,660 |
| **Oibleagáidí Sochair Scoir** | 8(e) | (509,449) | (446,440) |
| **Sócmhainní Cistithe Iarchurtha** | 8(e) | 509,449 | 446,440 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | 472,121 | 466,402 |
| | | | |
| **A Fhreagraíonn don** | | | |
| Cuntas Caipitil | 13 | 457,708 | 444,522 |
| Cuntas Réamhíocaíochtaí Stáit | 14 | 11,565 | 12,220 |
| Cúlchistí Coinnithe | | 2,848 | 9,660 |
| | | 472,121 | 466,402 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo na Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 26.

Thar ceann Bhord Fhiontraíocht Éireann:

**Terence O'Rourke**
Cathaoirleach

**Julie Sinnamon**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

23 Meitheamh 2020

# **Ráiteas faoi Shreafaí Airgid Thirim** don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid thirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Farasbarr ioncaim thar Chaiteachas | | 11,869 | 10,155 |
| Claochlaithe do | | | |
| Díbhinní infhaighte | | (3,826) | (2,794) |
| Laghdú i Luach Shócmhainní Seasta | | 12,024 | 1,381 |
| (Brabús)/Caillteanas ar Dhiúscairt Réadmhaoine, Gléasra & Trealaimh | | - | 4 |
| Brabús ar Dhiúscairt Shócmhainní Seasta Airgeadais | | (49,151) | (24,232) |
| (Méadú)/Laghdú ar Luach Sócmhainní Dreasachta Airgeadais | | 425 | (359) |
| (Méadú)/Laghdú sna hInfháltais gan Díbhinní san áireamh | | 1,127 | (1,138) |
| Méadú/(Laghdú) i Suimeanna Infhaighte gan Ranníocaíochtaí don Státchiste san áireamh | | 5,495 | (1,078) |
| Ranníocaíocht don Státchiste | | (131) | (91) |
| Tionchar athruithe ar rátaí eachtracha malairte | | (370) | (4) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | (22,538) | (18,156) |
| **Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a cheannach | | | |
| Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh | 16 | (1,117) | (410) |
| Airgeadas: | | | |
| Infheistíochtaí i Scaireanna | 17 (c) | (26,140) | (29,303) |
| Ciste Caipiteal Síl agus Fiontair | 17(a) | (46,700) | (41,864) |
| Fáltais ó dhiúscairt Shócmhainní Seasta | | | |
| Airgeadas: | | | |
| Infheistíochtaí i Scaireanna | 11(b) | 62,513 | 28,460 |
| Ciste Caipiteal Síl agus Fiontair | 11(b) | 35,385 | 59,601 |
| Fáltais Iasachtaí Lamháltais Aonáin Leasa Phoiblí | 18 | 3,314 | 3,652 |
| **Sreafaí glana airgid thirim ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | 27,255 | 20,136 |
| **Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | | |
| Díbhinní faighte | | 3,972 | 2,709 |
| **Sreafaí glana Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | | 3,972 | 2,709 |
| **Glanlaghdú in Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim** | | 8,689 | 4,689 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim ag tús na bliana | | 13,014 | 8,321 |
| Tionchar athruithe ar rátaí eachtracha malairte | | 370 | 4 |
| **Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgead Tirim ag deireadh na bliana** | | 22,073 | 13,014 |

# **Polasaithe Cuntasaíochta** don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

## 1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bonn cuntasaíochta agus na polasaithe cuntasaíochta suntasacha glactha ag Fiontraíocht Éireann. Cuireadh i bhfeidhm go seasmhach iad ar fad i rith na bliana agus sa bhliain roimhe sin.

### (a) Eolas ginearálta

Bunaíodh Fiontraíocht Éireann faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998. Tá ceannoifig Fhiontraíocht Éireann suite i bPáirc Ghnó an Phointe Thoir, Baile Átha Cliath 3.

Aonán Leasa Phoiblí (ALP) is ea Fiontraíocht Éireann. Soláthraíonn Aonán leasa phoiblí earraí nó seirbhísí ar mhaithe leis an leas ginearálta poiblí, pobail nó sóisialta agus, áit a soláthraítear cothromas ar bith, is chun tacú le príomhchuspóirí an aonáin a dhéantar sin seachas chun brabach a thabhairt do sholáthraithe cothromais, scairshealbhóirí nó comhaltaí.

Is é príomhchuspóir Fhiontraíocht Éireann mar atá leagtha amach i gCuid II Alt 7(1) den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann) 1998, ná:

- tionscal agus fiontar a fhorbairt sa Stát
- margaíocht earraí agus tionscail sheirbhíse a chur chun cinn, cúnamh a thabhairt dóibh agus iad a fhorbairt
- measúnú agus foirmliú straitéise fiontar a chur chun cinn
- bonn teicneolaíochta agus cumas fiontar nuáil agus taighde, forbairt agus dearadh a dhéanamh a fhorbairt
- bonn scileanna i dtionscail a threisiú
- infheistíochtaí a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí tionscail a chomhlíonann riachtanas na n-achtachán atá i bhfeidhm faoi láthair
- cibé scéimeanna, deontais agus saoráidí airgeadais eile a riar ar gá eisíocaíocht a dhéanamh ina leith ar chistí de chuid an Aontais Eorpaigh agus ar cibé cistí eile a údaróidh an tAire ó am go ham le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Cé go n-infheistíonn Fiontraíocht Éireann caipiteal gnáthscaireanna i gcuideachtaí, ní hé gnóthas brabaigh ar an infheistíocht an t-aon chúis a ndéantar an infheistíocht sin agus úsáidtear aon bhrabach a ghnóthaítear chun príomhchuspóir Fhiontraíocht Éireann a chistiú.

### (b) Ráiteas Comhlíontachta agus Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi ghnás an chostais stairiúil, arna mhodhnú chun cur san áireamh míreanna áirithe ar luach cóir, i gcomhlíonadh an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus sa bhfoirm atá faofa ag an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998.

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe atá ag ráitis airgeadais Fhiontraíocht Éireann. Glactar gurb é an euro airgeadra feidhmíochta Fhiontraíocht Éireann toisc gurb é sin an t-airgeadra sa phríomhtimpeallacht eacnamaíoch ina bhfeidhmíonn an ghníomhaireacht.

### (c) Ioncam

Déantar ioncam a chur san áireamh ar bhonn fabhraithe seachas díobh seo a leanas:

**Deontais ón Oireachtas**
Aithnítear deontais ón Oireachtas ar bhonn fáltais airgid.

**Ioncam Roinnte**
Aithnítear Ioncam Díbhinne nuair a bhunaítear an ceart íocaíocht a fháil, agus nuair is dócha go bhfaighfear an t-ioncam agus gur féidir an méid a thomhas go beacht. Nuair a bhíonn Fiontraíocht Éireann ag eisiúint sonraisc dhíbhinne, ní fios an bhfuil cúlchistí indáilte dóthanacha ag an gcuideachta Infheistiúcháin agus mar sin ní féidir a mhaíomh go bhfuil an ceart íocaíocht a fháil bunaithe. Mar sin, aithníonn Fiontraíocht Éireann ioncam a fuarthas sa bhliain airgeadais chuí nó a shonrascaítear sa bhliain airgeadais chuí agus a fhaightear sa chéad ráithe den bhliain ina dhiaidh sin.

**Aisíocaíochtaí tacaíochta airgeadais atá iníoctha**
Bíonn Tacaíochtaí Airgeadais do Thionscal iníoctha má tharlaíonn cúinsí áirithe, ar nós leachtaithe/díscaoilte mar atá leagtha amach sa litir tairisceana. Déantar aisíocaíochtaí tacaíochta airgeadais atá iníoctha a aithint ar bhonn fáltais airgid.

### d) Tacaíochtaí Airgeadais do Thionscal

Déantar dliteanas a aithint sna Ráitis Airgeadais chomh luath agus a chomhlíontar na critéir sainmhínithe agus aitheanta, nuair nach féidir le Fiontraíocht Éireann tarraingt siar go réadúil de bharr nádúr na hoibleagáide agus nuair atá na coinníollacha sonraithe ar fad comhlíonta ag an deontaí.

### (e) Tacaíocht Inaisíoctha Airgeadais do Thionscal - Iasachtaí Lamháltais d'Aonáin Leasa Phoiblí

Déantar deontais atá iníoctha a aicmiú mar iasachtaí lamháltais d'aonáin leasa phoiblí, is é sin iasachtaí a dheonaítear chun críche cuspóirí an aonáin leasa phoiblí a chur chun cinn, agus níl siad seo iníoctha ach é a iarradh agus déantar iad a dheonú ag ráta níos ísle ná an ráta margaidh úis atá i réim nó gan ús ar bith. Déantar deontais iníoctha a aithint i dtús báire sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais ag an méid íoctha. Déantar an suim ghlanluacha sna ráitis airgeadais a choigeartú ina dhiaidh sin chun aon ús fabhraithe iníoctha nó infhaighte a léiriú. Déantar deontais iníoctha a athbhreithniú go bliantúil le haghaidh tásca bearnúcháin agus déantar aon chaillteanas bearnúcháin a aithint sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Culchistí Coinnithe.

Is iad seo a leanas na tacaíochtaí inaisíoctha airgeadais do thionscal:

**Taighde & Forbairt agus Tacaíocht Chaipitil Airgeadais** Tá foráil aisíoctha ag comhaontuithe áirithe maidir le Taighde & Forbairt agus Tacaíocht Chaipitil Airgeadais faoina ligtear cuid den tacaíocht airgeadais a aisghabháil.

**Deontais Inaisíoctha eisithe ag Boird Fiontar Contae agus Cathrach agus Oifigí Fiontar Áitiúil**
Rinne an tAcht um Boird Fiontar Contae (Díscaoileadh) 2014 foráil do dhíscaoileadh na mBord Fiontar Contae agus Cathrach (BFCanna) agus aistriú a bhfeidhmiú agus a sócmhainní agus dliteanais chuig Fiontraíocht Éireann ar an 14 Aibreán 2014. Ón 14 Aibreán 2014 ar aghaidh, déantar feidhmeanna na BFCanna a thabhairt faoi shocrú oibriúcháin trí na húdaráis áitiúla tar éis bhunú líonra Oifigí Fiontar Áitiúla (OFÁnna).

Tá foráil inaisíoctha chun gur féidir cuid den tacaíocht airgeadais a fháil ar ais ag deontais Bheart 1 eisithe ag BFCanna agus eisithe anois ag na OFÁnna. Is sócmhainní de chuid Fiontraíocht Éireann na deontais in-aisghabhála seo agus sa cháil sin léirítear iad ar Ráiteas ar Staid an Airgeadais na gníomhaireachta.

Léirítear an méid in-aisghabhála maidir le tacaíocht inaisíoctha airgeadais do thionscal sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais mar Iasachtaí Lamháltais d'Aonáin Leasa Phoiblí agus cuirtear san áireamh an maoiniú bainteach sa Chuntas Réamhíocaíochtaí Stáit.

**(f) An Cuntas Réamhíocaíochtaí Stáit**

Freagraíonn an Cuntas Réamhíocaíochtaí Stáit d'airgead a réamhíoctar le Fiontraíocht Éireann agus cuideachtaí cliaint BFC agus OFÁ trí bhíthin tacaíocht airgeadais inaisíoctha rangaithe mar iasachtaí lamháltais d'aonán leasa phoiblí.

**(g) Infheistíochtaí**

**Infheistíochtaí Luaite**
Déantar infheistíochtaí a luaitear ar stocmhalartán aitheanta a thomhas ag a luach cóir agus déantar gluaiseachtaí a thaifead tríd an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe.

**Infheistíochtaí Eile**
Déantar infheistíochtaí eile a thomhas ag costas lúide bearnúchán ós rud é nach féidir a luach cóir a thomhas go beacht.

**Díscríobh Infheistíochtaí**
Áit a bhfuil measúnú na bainistíochta de luach na n-infheistíochtaí nialasach, de bharr dócmhainneachta nó eile, déantar na hinfheistíochtaí sin a dhíscríobh.

**Cistí Caipiteal Síl agus Fiontair**
Déantar réamhíocaíochtaí leis na cistí seo a thomhas ag an luach cóir agus déantar gnóthais agus caillteanais ar an luach cóir a thaifead tríd an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe bunaithe ar sciar inchurtha na nglansócmhainní tuairiscithe ciste ag baint úsáid as na cuntais iniúchta nó bainistíochta is déanaí atá ar fáil. Díorthaítear na glansócmhainní ciste ó luach cóir na mbuninfheistíochtaí. Tá na treoirlínte a lean na Bainisteoirí Cistí chun teacht ar luachálacha na mbuninfheistíochtaí i gcomhréir le caighdeáin ábhartha chuntasaíochta gach ciste agus leis na treoirlínte Idirnáisiúnta Luachála um Chaipiteal Cothromais Phríobháidigh agus Fiontair (IPEV), i gcás inarb infheidhme.

**Gnóthachain agus Caillteanais**
Déantar gnóthachain agus caillteanais réadaithe d'athruithe i luach infheistíochtaí a aithint sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe.

**Comhdhlúthú**
Ní fhreagraíonn na ráitis airgeadais do chomhdhlúthú de thorthaí chuideachtaí infheistiúcháin. Is í tuairim Fhiontraíocht Éireann go gcruthódh a leithéid de chomhdhlúthú míthuiscint, ag féachaint do nádúr éagsúil ghnó na gcuideachtaí atá bainteach leis agus don dualgas ginearálta atá aici ráitis airgeadais a ullmhú a thugann léargas fíorcheart ar ghníomhaíochtaí a chuireann tionscal chun cinn.

**(h) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh**

Déantar sócmhainní Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh a lua ag costas lúide dímheas carntha ag cur san áireamh aon fhoráil do bhearnúchán. Cuirtear ar fáil dímheas don réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar fad, seachas talamh ruílse agus saothar ealaíne, ag rátaí a ríomhtar chun an costas a dhíscríobh, lúide luach iarmharach measta gach sócmhainn de réir méid chothroim thar a saolré fhóinteach mheasta mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| • Mótarfheithiclí | 20% in aghaidh na bliana |
| • Foirgnimh | 2% in aghaidh na bliana |
| • Athchóiriú Foirgnimh atá ann cheana | 20% in aghaidh na bliana |
| • Feabhsuithe ar Réadmhaoin Léasachta | 20% in aghaidh na bliana |
| • Daingneáin & Feisteas | 25% in aghaidh na bliana |
| • Ríomhairí | 33% in aghaidh na bliana |
| • Trealamh Teicniúil | 25% in aghaidh na bliana |
| • Talamh | 0% in aghaidh na bliana |
| • Saothair Ealaíne | 0% in aghaidh na bliana |

Freagraíonn an luach iarmharach don mhéid measta a bhféadfaí a fháil faoi láthair ó dhiúscairt shócmhainne, tar éis costas measta na diúscartha a bhaint, dá mbeadh an tsócmhainn ag aois agus sa riocht a bhítear ag súil leis cheana ag deireadh a saolré fhóinteach.

Déantar caiteachas ar shócmhainní le costas aonair faoin tairseach caipitlithe (€2,500) a lua sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe sa bhliain ina dhéantar é.

**(i) Bearnúchán Sócmhainní**

Déantar sócmhainní, seachas iad siúd a thomhaistear ag a luach cóir, a mheasúnú le haghaidh táscairí bearnúcháin ag deireadh na bliana. Má fhaightear fianaise oibiachtúil gur tharla bearnúchán, déantar foráil bhearnúcháin a aithint sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe sa bhliain.

**(j) Soláthar in aghaidh Fiach Amhrasach**

**Féichiúnaithe Trádála**
Soláthraítear in aghaidh fiacha amhrasacha trí bhíthin fhoráil ar leith.

**(k) Sochair Scoir**

Nuair a achtaíodh an tAcht um Fhorbairt Tionscail (Díscaoileadh Fhorfás) 2014 (Uimh 13 de 2014) ar an 16 Iúil 2014, rinne sé foráil do dhíscaoileadh Fhorfás agus do bhunú Fhionraíocht Éireann mar fhostaí dleathach ar leith (roimhe sin fuair Fiontraíocht Éireann foireann ar iasacht ó Fhorfás). De réir na reachtaíochta:

(i) Bhunaigh Fiontraíocht Éireann a scéim Sochar Scoir féin (arna cistiú go bliantúil ar bhonn íoc mar a thuilleann tú as airgead a sholáthraíonn an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta). Chuaigh foireann ó Fhiontraíocht Éireann a bhí ina mbaill de scéim Sochair Scoir Fhorfás isteach i scéim Sochair Scoir Fhiontraíocht Éireann ar théarmaí aoisliúntais a bhí chomh tairbheach leo siúd a bhí acu faoi Scéim Fhorfás go díreach roimh dháta an aistrithe.

(ii) Tá Fiontraíocht Éireann freagrach as costais Sochar Scoir ball foirne a théann ar scor tar éis 31 Iúil 2014.

(iii) Glacann an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta freagracht as scéimeanna Sochair Scoir Forfás atá ann cheana, as pinsinéirí Fhiontraíocht Éireann agus as iarfhoireann a bhfuil sochair choinnithe acu.

Feidhmíonn Fiontraíocht Éireann an Scéim Sochair Scoir do Sheirbhísí Poiblí Aonair (an Scéim Aonair) chomh maith, scéim sochair sainithe d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí atá in aois an phinsin ar nó tar éis 1 Eanáir 2013. Déantar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair a aistriú chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn costais Sochar Scoir sochair scoir a thuill fostaithe agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí i leith sochar scoir foirne a chuirtear ar ais chuig an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta i leith na príomhscéime agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i leith na Scéime Singil. Déantar méid a fhreagraíonn don mhuirear sochar scoir a aithint mar ioncam sa mhéid is gur féidir é a aisghabháil, agus déantar é a fhritháireamh in aghaidh deontas a fuarthas i rith na bliana chun íocaíochtaí sochar scoir a ghlanadh.

# **Nótaí leis na Ráitis Airgeadais** don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2019

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfheagrach sa mhéid is féidir a aisghabháil ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

Freagraíonn dliteanais Sochair Scoir do luach reatha na n-íocaíochtaí sochair scoir don todhchaí tuillte ag an fhoireann go dtí seo. Freagraíonn cistiú sochair scoir iarchurtha don tsócmhainn chomhfhreagrach a aisghabhálfar i dtréimhse sa todhchaí ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

Déantar dliteanais ó scéim Sochair Scoir a thomhas ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

**(l) Léasanna**

*Léasanna oibriúcháin*
**Mar léasóir**
Rangaítear mar léasanna oibriúcháin léasanna ina gcoinníonn Fiontraíocht Éireann na rioscaí agus na sochair úinéireachta ar fad a bheag nó a mhór tar éis an chomhaontaithe léasa. Taifeadtar suim ghlanluacha na sócmhainní léasaithe sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais agus tugtar cuntas air i gcomhréir leis an bpolasaí cuntasaíochta do Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh. Aithnítear ioncam cíosa de réir méid chothroim sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe.

**Mar léasaí**
Muirearaítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ar na Cúlchistí Forchoimeádta Ioncaim ar bhonn líne dírí thar thréimhse an léasa ach amháin nuair atá méaduithe cíosa ann atá nasctha le boilsciú ginearálta ionchasach, agus sa chás sin aithnítear na méaduithe seo nuair a fhabhraítear iad.

**(m) Airgeadra Eachtrach**

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadra eachtrach a aistriú ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dáta an Ráitis ar Staid an Airgeadais. Déantar idirbhearta in airgeadra eachtrach a aistriú ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbheart bunaidh. Pléitear leis na brabúis agus na caillteanais a thagann dá bharr sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe.

**(n) Breithiúnais Chriticiúla Chuntasaíochta agus Príomhfhoinsí an Amhrais maidir le Meastacháin**

Éilíonn ullmhúchán na Ráiteas Airgeadais go ndéanfadh an bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus foshuímh a mbíonn tionchar acu ar na méideanna a thuairiscítear do shócmhainní agus dliteanais amhail ag an dáta tuairiscithe agus ar na méideanna a thuairiscítear maidir le hioncam agus caiteachas i rith na bliana. Ciallaíonn nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin sin.

Bhí an tionchar is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar mhéideanna a aithnítear sna Ráitis Airgeadais.

**Sócmhainní Seasta Airgeadais Neamhthrádáilte - Cistí Caipiteal Síl agus Fiontair**
Cinntear luach na Sócmhainní Seasta Airgeadais (Cistí Caipiteal Síl agus Fiontair) nach bhfuil á thrádáil i margaí gníomhacha trí theicnící luachála a úsáid atá curtha i bhfeidhm ag na Bainisteoirí Cistí a dhéanann breithiúnas maidir le héagsúlacht modhanna a roghnú agus meastacháin bunaithe ar shonraí inbhraite agus na coinníollacha atá i bhfeidhm ag gach dáta tuairiscithe. Tá na treoirlínte a lean na Bainisteoirí Cistí chun teacht ar na luachálacha i gcomhréir le caighdeáin ábhartha chuntasaíochta gach ciste agus leis na treoirlínte Idirnáisiúnta Luachála um Chaipiteal Cothromais Phríobháidigh agus Fiontair (IPEV), i gcás inarb infheidhme.

In 2020, tháinig an Coróinvíreas (Covid-19), ar fhógair an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte gur paindéim é ar an 11 Márta 2020, chun cinn agus scaipeadh é. Agus tionchar Covid-19 ar luachálacha dheireadh na bliana á mheas acu, rinne Bainisteoirí Cistí tagairt don treoir a d'eisigh an Chomhairle Tuairiscithe Airgeadais ar an 18 Feabhra 2020 maidir le ráig Covid-19. Maidir le Ráitis Airgeadais arna n-ullmhú go dtí an 31 Nollaig 2019, meastar aon tionchar féideartha ina iar-ráiteas neamhchoigeartúcháin ar shócmhainní, dliteanais agus teagmhas caipitil comhpháirtithe agus ní dhéantar aon choigeartú sna ráitis airgeadais dá bharr sin.

**Oibleagáid Sochair Scoir**
Déantar na foshuímh atá mar bhun ag na luachálacha achtúireacha agus trína chinntear na méideanna a aithnítear sna Ráitis Airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí báis) a thabhairt suas chun dáta gach bliain bunaithe ar na cúinsí reatha eacnamaíocha, agus d'aon athrú ábhartha ar théarmaí na sochar scoir agus na bpleananna iar-scoir.

D'fhéadfadh na foshuímh athrú de bharr:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí ardcháilíochta corparáideacha

(ii) leibhéil cúitimh amach anseo, coinníollacha margaidh saothair amach anseo

**Bearnúchán Sócmhainní**

**- Infheistíochtaí Eile**
Déantar infheistíochtaí eile a thomhas ag costas lúide bearnúchán ag dáta na tuairiscithe. Tá na táscairí bearnúcháin bunaithe ar phróiseas athbhreithnithe ag baint úsáide as cuntais iniúchta nó bainistíochta is déanaí na gcuideachtaí infheistiúcháin nó as eolas gnó ábhartha eile. Má tá fianaise de bhearnúchán ann, déantar foráil bhearnúcháin a aithint sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe don bhliain. Áit a bhfuil fianaise ann nach mbaineann an fhoráil bhearnúcháin a bhí ann roimhe seo le hábhar, déantar na forálacha sin a aisiompú.

**- Iasachtaí Lamháltais d'Aonáin Leasa Phoiblí**
Aicmítear deontais inaisíoctha mar iasachtaí Lamháltais d'Aonáin Leasa Phoiblí (ALP). Déantar iasachtaí Lamháltais ALP a athbhreithniú gach bliain do tháscairí bearnúcháin bunaithe ar stair aisíoctha an deontaí agus tuairim na bainistíochta maidir le hinbhailitheacht an fhiachais. Aithnítear foráil ar leith sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe áit a bhfuiltear in amhras faoi aisíoc an fhiachais.

## 2. Deontais an Oireachtais - An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (Vóta 32)

Is iad seo a leanas na Deontais ón Oireachtas d'Fhiontraíocht Éireann a vótáil an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta mar atá léirithe sna ráitis airgeadais:

| | Nótaí | Fotheideal | 2019<br>€ '000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|
| Deontas le haghaidh Tacaíocht Airgeadais do Thionscal | | A7.2 | **34,925** | 32,375 |
| Deontas le haghaidh Oifigí Fiontair Áitiúla | 5(b) | A8 | **37,845** | 33,324 |
| Deontas le haghaidh Dul Chun Cinn agus Caiteachais Riaracháin | | A7.1 | **80,267** | 75,736 |
| Deontas le haghaidh Trealamh Caipitil | | A7.3 | **1,800** | 700 |
| Clár Forbartha Eolaíochta & Teicneolaíochta | | B4.1 | **126,741** | 126,448 |
| Ciste Nuála i gCás Teicneolaíochtaí Bunathraitheacha | | B9 | **15,415** | - |
| | | | **296,993** | 268,583 |

Luaitear an deontas i leith caiteachas Promóisin agus Riaracháin de €80.267m glan ó ranníocaíochtaí i leith sochar scoir fostaithe arbh ionann iad ina n-iomláine agus €2.439m, €2.132m de a cuireadh ar ais chuig an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (i leith scéim sochar scoir bhall foirne Fhiontraíocht Éireann) agus €0.307m a cuireadh ar ais chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (i leith na scéime singil seirbhíse sochar scoir).

## 3. Cistiú ó Ranna Rialtais Eile

| | Nótaí | 2019<br>€ '000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Ciste Infheistíochta Mairteola agus Caoireola - (An Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara) Vóta 30 Fo-cheannteideal C4 | 5(a) | - | 670 |
| Ciste um Iomaíochas Bia - (an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara) Vóta 30 Fotheideal C4 | 3(a) | - | 719 |
| An Ciste Oiliúna Náisiúnta- (an Roinn Oideachais agus Scileanna) Vóta 28 | | **3,500** | 3,500 |
| Tionscadail an Chomhchoimisiún Eacnamaíochta - (an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála) Vóta 28 Fo-cheannteideal C3 | | - | 65 |
| Scéim Dearbhán Trádála Ar Líne OFÁ - (An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil) Vóta 29 Fo-cheannteideal A5 | | **1,961** | 1,910 |
| An Ciste Infheistíochta Caipitiúla Bia- (an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara) Vóta 30 Fotheideal C4 | 3(b) | **250** | - |
| | | **5,711** | 6,864 |

### (a) An Ciste um Iomaíochas Bia

D'fhormheas an Rialtas an Ciste um Iomaíochas Bia in 2009 le go bhféadfadh an tionscal bia tacú le tionscnaimh, lenar áiríodh Tionscnaimh Dhéantúsaíochta barainní, Thaighde & Forbartha agus Mhargaíochta.
Cuireann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara cistiú ar fáil. Tá an ciste seo dúnta anois.

### b) An Ciste Infheistíochta Caipitiúla Bia

D'fhormheas an Rialtas an Ciste Infheistíochta Caipitiúla Bia in 2018 le go bhféadfadh an tionscal bia agus deochanna tacú le tionscnaimh i réimsí na héifeachtúlachta feabhsaithe, na táirgeachta méadaithe agus na hinfheistíochta caipitiúla. Cuireann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara an cistiú seo ar fáil.

# **Nótaí leis na Ráitis Airgeadais** don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2019

## 4. Acmhainní Féin

| | Nótaí | 2019<br>€ '000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Díbhinní | | **3,826** | 2,794 |
| Aisíocaíochtaí Tacaíochta Airgeadais | | **1,170** | 1,744 |
| Ioncam ó Tháillí | 4(a) | **3,741** | 3,350 |
| Ioncam Cíosa - Foligean Oifige | | **576** | 564 |
| Ioncam Eile | 4 (b) | **1,080** | 1,091 |
| | | **10,393** | 9,543 |

I gcomhréir le polasaí cuntasaíochta Fhiontraíocht Éireann, aithnítear ioncam ó dhíbhinní nuair atá an ceart chun íocaíocht a fháil bunaithe, nuair is dócha go bhfaighfear an t-ioncam agus go bhféadtar an méid a thomhas go hiontaofa. Fógraíodh d'Fhiontraíocht Éireann in 2019 go raibh 28 (2018 - 42) cuideachta a raibh díbhinní gan íoc acu dar luach €1.179m (2018- €2.702m) tar éis a bheith leachtaithe/díscaoilte go foirmeálta. Mar thoradh air seo, níl an méid seo inbhailithe.

I gcomhréir le polasaí cuntasaíochta Fhiontraíocht Éireann, aithnítear ioncam Aisíoc Tacaíochta Airgeadais nuair is dócha go bhfaighfear an t-airgead agus gur féidir an méid a thomhas go beacht. Bíonn Tacaíochtaí Airgeadais inaisíoctha má tharlaíonn cúinsí áirithe, mar a leagtar amach sa litir tairisceana, ar nós leachtaithe/díscaoilte. I rith 2019, fuarthas Aisíocaíochtaí Tacaíochta Airgeadais de €1.170m (2018- €1.744m). Cuireadh in iúl d'Fhiontraíocht Éireann in 2019 gur leachtaíodh/díscaoileadh 4 (2018 - 16) chuideachta go foirmeálta a raibh Tacaíocht Airgeadais inaisíoctha de €1.010m (2018 - €3.160m) acu. Mar thoradh air seo, níl an méid seo inbhailithe.

| **(a) Ioncam ó Tháillí** | 2019<br>€ '000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| Seirbhísí Proifisiúnta | **1,143** | 1,292 |
| Ioncam ó Thionscadal Mhargaidh | **2,598** | 2,058 |
| | **3,741** | 3,350 |

| **(b) Ioncam Eile** | 2019<br>€ '000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ranníocaíocht Eagraíochtaí Eile do na Forchostais Lárnacha | **158** | 162 |
| Ranníocaíocht d'Oideachas in Éirinn | **730** | 622 |
| Eile | **192** | 307 |
| | **1,080** | 1,091 |

Is é 'Education in Ireland' an bratbhranda chun na hearnála oideachais ardleibhéil agus Teagaisc Bhéarla a chur chun cinn go hidirnáisiúnta. I rith 2019 rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna ranníocaíochtaí leis an Oideachas in Éirinn de €0.544m (2018- €0.429m) agus rinne institiúidí tríú leibhéal ranníocaíochtaí de €0.186m (2018- €0.193m).

## 5. Tacaíocht Airgeadais do Thionscal

| | Nótaí | 2019 € '000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **(i) Forbairt Chuideachtaí** | | | |
| Fostaíocht | | 12,873 | 11,796 |
| Ciste Infheistíochta Mairteola agus Caoireola | 5(a) | - | 670 |
| Tacaíocht do Shócmhainní Seasta | | 28,903 | 17,395 |
| Infreastruchtúr Teicneolaíochta | | 160 | 440 |
| Tacaíocht Margaíochta agus Aistrithe Eolais | | 21,990 | 19,318 |
| Féidearthacht | | 2,376 | 1,882 |
| Forbairt agus Oiliúint Bainistíochta | | 8,104 | 7,199 |
| Deontais Chomhairliúcháin | | 999 | 950 |
| Ionaid Fiontar Phobail | | 135 | 68 |
| Tionscnamh Fiontar Pobail | | 16 | 151 |
| An Ciste um Fhorbairt Fiontar Réigiúnaí | | 6,022 | 1,059 |
| | | 81,578 | 60,928 |
| **(ii) Tríú Páirtithe** | | | |
| Ionaid Nuálaíocht Ghnó | | 2,200 | 2,200 |
| Comhairle Deartha agus Ceardaíochta na hÉireann | | 3,185 | 3,224 |
| Oifigí Fiontair Áitiúla | 5(b) | 42,794 | 37,834 |
| | | 48,179 | 43,258 |
| **(iii) Forbairt Eolaíochta & Teicneolaíochta** | | | |
| Gníomhaíocht T&F i bhFiontar a Athrú ó Bhonn | 5(c) | 24,712 | 25,282 |
| Comhoibriú na Tionsclaíochta le hEarnáil an Tríú Leibhéal | 5(d) | 47,025 | 55,834 |
| Poitéinseal Tráchtála Phobal Taighde na hÉireann a Réadú | 5(e) | 27,534 | 24,589 |
| Ciste Nuála i gCás Teicneolaíochtaí Bunathraitheacha | 5(f) | 14,911 | 195 |
| | | 114,182 | 105,900 |
| **Le muirearú ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe** | | 243,939 | 210,086 |
| **Tacaíocht Airgeadais don Tionsclaíocht Caipitlithe ar an Ráiteas Staide Airgeadais** | | | |
| Infheistíochtaí i Scaireanna | 5(f) / 17(c) | 26,140 | 29,303 |
| Cistí Caipiteal Síl agus Fiontair | 17(a) | 46,700 | 41,864 |
| Iasachtaí Lamháltais d'Aonáin Leasa Phoiblí | 18 | 3,084 | 3,849 |
| **Tacaíocht Airgeadais Iomlán do Thionscal** | | 319,863 | 285,102 |

# **Nótaí leis na Ráitis Airgeadais** don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2019

**(a) Ciste Infheistíochta Mairteola agus Caoireola**

I mí na Nollag 2008, sheol an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara an Ciste Infheistíochta do Mhairteoil agus Caoireoil arna riar ag Fiontraíocht Éireann. Is é cuspóir an chiste ná tacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí caipitil a bhfuil mar aidhm acu úsáid níos fearr a bhaint as an acmhainn tionscail trí scála níos mó sa phróiseáil phríomhúil, breisluach méadaithe i dtuilleadh próiseála agus éifeachtúlachtaí feabhsaithe a bhaint amach, agus cuideachtaí Éireannacha a chumasú chun dul san iomaíocht go hidirnáisiúnta. Tá an ciste seo dúnta anois.

**(b) Oifigí Fiontair Áitiúla**

I rith 2007, d'údaraigh an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta d'Fhiontraíocht Éireann na feidhmeanna a bhronn an tAcht um Fhorbairt Tionscail 1995 ar an Aire a chur i bhfeidhm maidir leis na Boird Fiontar Contae agus Cathrach (BFCanna), feidhm a bhí roimhe sin mar fhreagracht ag aonad pholasaí Mhicri-Fhiontar na Ranna Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

Mar thoradh ar chinneadh Rialtais agus cur i bhfeidhm an Achta um Boird Fiontar Contae (Díscaoileadh) 2014, díscaoileadh na BFCanna ar an 14 Aibreán 2014 agus aistríodh a bhfeidhmeanna, sócmhainní agus dliteanais chuig Fiontraíocht Éireann. Bunaíodh Oifigí Fiontar Áitiúil (OFÁnna) i ngach Údarás Áitiúil áit a dtugann siad tacaíocht ó thaobh deontas agus fheidhmeanna forbartha acmhainní don earnáil mhicrifhiontar thar ceann Fhiontraíocht Éireann. Bhunaigh Fiontraíocht Éireann ionad barr feabhais OFÁ chun feidhmeanna a chomhlíonadh atá comhaontuithe idir an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus Fiontraíocht Éireann. Is é ról an aonaid seo ná réimse tacaíochtaí a thabhairt do na OFÁnna a fheabhsaíonn tionchar na OFÁnna ar fhorbairt mhicrifhiontar agus gnólachtaí beaga, ag cur lena n-éifeachtúlacht. Cuimsíonn an tacaíocht a thugtar tacaíocht straitéiseach, riaracháin, theicniúil agus airgeadais.

**(c) Gníomhaíocht T&F i bhFiontar a Athrú ó Bhonn**

Cuimsíonn an ghníomhaíocht seo na fobhearta seo a leanas: Ciste T&F, a chuireann tacaíocht ar fáil do thaighde, forbairt agus nuálaíocht theicneolaíocht agus ghnó a bhaineann le gach céim d'fhorbairt chuideachtaí agus Bainistíocht Nuálaíochta, agus a thacaíonn le soláthar oiliúna agus comhairliúcháin do chuideachtaí i réimse T&F agus i mbainistíocht na nuálaíochta.

**(d) Comhoibriú na Tionsclaíochta le hEarnáil an Tríú Leibhéal**

Cuimsíonn an ghníomhaíocht seo na fobhearta seo a leanas: Tairseacha Teicneolaíochta, a dhéanann foráil maidir le tacaíocht do líonraí taighde fheidhmigh in Institiúidí Teicneolaíochta, dírithe ar scála dóthanach a chruthú chun gur féidir leo tionchar a bheith acu ar thionscal ina gceantair féin ar dtús agus go náisiúnta ina dhiaidh sin; Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta, a thacaíonn le comhthionscail T&F a bhfuil cuideachtaí ar cliaint iad de chuid gach gníomhaireacht fhorbartha in Éirinn agus coláistí páirteach iontu, áit a ndéantar formhór an T&F laistigh d'institiúid tríú leibhéal nó d'eagraíocht phoiblí taighde; Ionaid Theicneolaíochta, a thugann tacaíocht do bhunú agus cothabháil ionad a bhfuil mar aidhm acu caidreamh dlúth a fhorbairt le cuideachtaí (cuideachtaí móra agus beaga/FBManna agus cuideachtaí ilnáisiúnta) ionas gur féidir leo eolas agus scileanna a aistriú faoi theicneolaíochtaí a bhfuil baint dhíreach acu leis an ngnó; International Collaboration, a chuireann tacaíocht ar fáil do ghníomhaíochtaí a bhaineann le Fís 2020 san earnáil tríú leibhéal; Innovation Vouchers, a chumasaíonn rochtain do chuideachtaí ar sholáthróirí eolais i gcoláistí tríú leibhéal agus an clár New Frontiers, a chuireann oiliúint, tacaíocht agus meantóireacht ar fáil d'fhiontraithe ar mhian leo forbairt a ngnólachtaí nua a thapú.

**(e) Poitéinseal Tráchtála Phobal Taighde na hÉireann a Réadú**

Cuimsíonn an ghníomhaíocht seo na fobhearta seo a leanas: Commercialisation Fund, a thugann tacaíocht do thaighdeoirí acadúla chun torthaí taighde a bhfuil poitéinseal tráchtála aige a bhrú ar aghaidh ionas gur féidir é a aistriú ina thionscal; Technology Transfer Strengthening, atá deartha tacaíocht a thabhairt do líonra foirne tiomnaithe laistigh d'fheidhm thráchtála institiúidí tríú leibhéal chun a chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr as torthaí taighde a bhfuil poitéinseal tráchtála acu; agus gorlanna, a thugann cúnamh airgid do thógáil agus bainistíocht ionad gorlainne atá bainteach le hOllscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta chun seachthairbhí teicneolaíochta agus comhoibriú struchtúrtha idir ghnólachtaí sa cheantar agus sa choláiste a spreagadh.

**(f) Ciste Nuála i gCás Teicneolaíochtaí Bunathraitheacha (DTIF)**

Is córas uathúil maoiniúcháin T&F ón Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta í an ghníomhaíocht seo agus déanann Fiontraíocht Éireann í a riar. Díríonn sé ar chomhthionscadail ar scála (>€2 milliún), áit ar féidir le hiarratasóirí bheith ar an meascán is fearr de thaighdeoirí atá bunaithe in Éirinn ó chuideachtaí ilnáisiúnta, ó FBManna agus ón réimse acadúil atá de dhíth chun réiteach bunathraitheach a sholáthar don mhargadh sa mheántéarma. Féadfar aon chomhcheangal iarratasóirí bheith i gceist, ach go gcaithfidh aon FBM amháin ar a laghad bheith páirteach i ngach tionscadal.

**(g) Infheistíochtaí i Scaireanna**

Tagraíonn an infheistíocht i scaireanna do 197 gnóthas (2018 -241).

## 6. Eisíocaíochtaí le Gníomhaireachtaí Eile Stáit

| | Nótaí | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Údarás na Gaeltachta** | | | |
| Ciste T&F | 5(c) | 855 | 905 |
| A7.2 Tacaíocht airgeadais leis an Tionsclaíocht | | - | 635 |
| | | 855 | 1,540 |

## 7. Riarachán, Oibriúchán agus Cur Chun Cinn

| | Nótaí | 2019 € '000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| Luach Saothair agus Costais Phá Eile | 7(a) | 62,675 | 60,233 |
| Luachanna Saothair Comhaltaí Boird (Luach Saothair an POF san áireamh) | | 366 | 332 |
| Costais Taistil | | 5,726 | 5,462 |
| Cíosa, Rátaí, Muirir Seirbhíse agus Árachas | | 8,901 | 8,448 |
| Deisiúcháin, Cothabháil agus Muirir Léasa | | 842 | 593 |
| Solas, Teas agus Glanadh | | 962 | 897 |
| Priontáil, Postas agus Stáiseanóireacht | | 542 | 397 |
| Cumarsáid agus Costais TF | | 3,023 | 3,057 |
| Táillí proifisiúnta | | 3,071 | 2,131 |
| Fógraíocht agus Margaíocht | | 2,324 | 1,513 |
| Táille Iniúchóireachta | | 87 | 81 |
| Seirbhísí Leabharlanna agus Costais Eile Bainteach le Cliaint | | 52 | 64 |
| Costais Oibriúcháin Eile | | 851 | 681 |
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh faoi bhun na Tairsí Caipitlithe | 7(e) | 487 | 287 |
| | | 89,909 | 84,176 |

# **Nótaí leis na Ráitis Airgeadais** don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2019

**(a) Luach Saothair agus Costais Phá Eile**

| | 2019 € '000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Tuarastail** | | |
